CAIBIDIL 3

PLEAN STRAITÉISEACH 2006-2008 A CHUR AR AGHAIDH

Tosaíocht Straitéiseach Uimhir a hAon:

Cur chun cinn, forbairt agus measúnú a dhéanamh chun ardchaighdeáin cúraim agus cóir leighis a chur i bhfeidhm laistigh de sheirbhísí meabhair-shláinte.

RÉAMHRÁ

Is é sainordú an Choimisiúin Meabhair-Shláinte, de réir an Achta Meabhair-Shláinte 2001, ná bunú agus coimeád ardchaighdeán agus dea-chleachtas i soláthar seirbhísí meabhair-shláinte a chur chun cinn, a spreagadh agus a chothú. (Alt 33(1) An tAcht Meabhair-Shláinte 2001). Clúdaíonn an sainordú sin an speictream leathan de sheirbhísí meabhair-shláinte in Éirinn is cuma faoin meicníocht mhaoinithe.

CIGIRE NA SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE

Tá feidhmeanna Chigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte sonraithe in Alt 51, An tAcht Meabhair-Shláinte 2001. I 2007, thug Cigireacht na Seirbhísí Meabhair-Shláinte cuairt agus rinne sí cigireacht ar gach ionad formheasta. Freisin bhuail an Chigireacht le Bainisteoirí Sláinte Áitiúla agus baill foirne cliniciúla sinseartha (&coibhéisigh san earnáil neamhspleách) agus foirne ag obair laistigh de sheirbhísí meabhair-shláinte do leanaí agus ógánaigh agus seirbhísí meabhair-shláinte do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil. Tugtar tuairisc ar athbhreithniú bliantúil an Chigire ar sheirbhísí meabhair-shláinte in Éirinn i gCuid 2, Leabhar 1. Tá na tuarascálacha sonracha cigire ar na hionaid fhormheasta ar fáil i Leabhar 2-6, ar CD-ROM.

Chuir Cigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte an Coimisiún Meabhair-Shláinte ar a eolas faoi imní throm agus láithreach maidir le cúram agus cóireáil othar i dtrí hionad formheasta i ndiaidh cigireacht a dhéanamh orthu. D'iarr an Coimisiún Meabhair-Shláinte tuarascálacha sonracha ó na seirbhísí atá i gceist ar an gcaoi a bpléifí leis na hábhair imní faoi leith. D'fhreagair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le plean gníomhaíochta sna trí chúinse ar conas plé leis na ceisteanna agus tugtar tuairisc orthu siúd níos deireanaí sa tuarascáil.

Deonaíodh cead um 1.8. W.T. E. breise a cheapadh don Chigireacht i 2007. Áirítear leis sin úsáideoir seirbhíse a cheapadh do Chigireacht na Seirbhísí Meabhair-Shláinte.

FIOSRÚCHÁN

Forálann Alt 55, An tAcht Meabhair-Shláinte 2001 d'fhiosrúchán a bhunú ag an gCoimisiún (nó ar iarratas an Aire) ar:

iompar aon ionaid fhormheasta nó áitreabh eile sa Stát áit a bhfuil seirbhísí meabhair-shláinte á soláthar,

an cúram nó cóireáil atá á soláthar d'othar sonraithe nó othar deonach sonraithe ag an gCoimisiún,

aon ábhar eile a bhfuil fiosrúchán oiriúnach ina thaobh ag féachaint chuig forálacha an Achta sin nó aon rialacháin nó rialacha a rinneadh faoi nó aon achtachán eile.

I Meitheamh 2007 chinn an Coimisiún Meabhair-Shláinte fiosrúchán a bhunú agus na téarmaí tagartha seo a leanas aige:

"Athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais chúraim agus cóireála in Aonad Mhíchíl, Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann

Theas, Cluain Mheala agus Ospidéal Naomh Lúcas, Cluain Mheala, lena n-áirítear caighdeán agus pleanáil an chúraim agus úsáid srianta agus leithlise agus tuairisc a thabhairt don Choimisiún Meabhair-Shláinte".

Bhí an fiosrúchán fós ar siúl ag deireadh na bliana.

CREAT CÁILÍOCHTA UM SHEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE IN ÉIRINN

Foilsíodh *Quality Framework for Mental Health Services in Ireland* ag an gCoimisiún agus sheol an tUas. Tim O' Malley T.D., Aire Stáit, an Roinn Sláinte agus Leanaí é, i Márta 2007. Forbraíodh an Creat Cáilíochta mar fhreagra ar phróiséas fairsing comhairliúcháin, athbhreithniú ar chaighdeáin idirnáisiúnta cúraim sláinte agus na prionsabail idirnáisiúnta um chaighdeáin cúraim sláinte. Rinneadh maoirseacht ar an bpróiseas forbartha ag painéal saineolaithe idirnáisiúnta, an Dr John Øvretveit, Stiúrthóir Taighde, Ionad Bainistíochta Leighis, Karolinska Institute, Stocólm, An tSualainn agus an Dr Michelle Funk, Comhordaitheoir ar Bheartas i leith Meabhair-Shláinte agus Mí-Úsáid Substaintí, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, an Ghinéiv.

Soláthraíonn an creat cáilíochta do sheirbhísí meabhair-shláinte meicníocht trínar féidir seirbhísí meabhair-shláinte clár um fheabhsú leanúnach cáilíochta a fhorbairt, den chéad uair riamh sa tír seo. Díríonn an creat cáilíochta ar chur chuige córas iomlán i dtreo seirbhísí meabhair-shláinte a sholáthar ag aithint nach mór do sheirbhísí cumarsáid agus comhoibriú a dhéanamh thar shuíomhanna agus feidhmeanna. Cuirtear béim ar fheabhsú leanúnach cáilíochta a chomhtháthú ar fud an chreata mar creidtear go bhfuil sé sin lárnach i seirbhís meabhair-shláinte ardchaighdeáin a fhorbairt. Tá sé riachtanach go ndéanfaí feabhsú leanúnach cáilíochta a chothú i mbainistíocht agus seachadadh seirbhísí.

Tá an creat comhdhéanta de 8 dtéama agus 24 caighdeán agus cuirtear an t-úsáideoir seirbhísí ag croí-lár an soláthar seirbhíse.

Téama 1 Seirbhís iomlánaíoch, chomhréireach a sholáthar chomh maith le leanúntas iomlán cúraim, á sholáthar ag foireann ildhisciplíneach	
1.1	Tá plean cúraim agus cóireála aonair ag gach úsáideoir seirbhíse a chuireann síos ar na leibhéil tacaíochta agus cóireála atá ag teastáil de réir a c(h)uid riachtanas agus a dhéantar a chomhordú ag ball sannaithe den fhoireann ildhisciplíneach. *
1.2	Bíonn iontráil bheartaithe i agus imeacht bheartaithe ó gach cuid de sheirbhís meabhair-shláinte ag gach úsáideoir seirbhíse.
1.3	Faigheann gach úsáideoir seirbhíse cúram agus cóireáil meabhair-shláinte ó sheirbhís atá lonnaithe sa phobal a phléann le riachtanais athraitheacha an duine ag céimeanna éagsúla le linn a b(h)reoiteachta agus a c(h)uid próiséas téarnaimh.
1.4	Faigheann gach úsáideoir seirbhíse cúram agus cóireáil meabhair-shláinte ó sheirbhís atá lonnaithe sa phobal a phléann le hidirghabháil, brath luath, idirghabháil luath agus cur chun cinn meabhair-shláinte.
1.5	Cuirtear seirbhísí agus cláir theiripeacha ar fáil le riachtanais úsáideoirí seirbhíse a riar. *

Téama 2 Teastaíonn caidreamh omósach báúil idir daoine atá ag baint úsáide as na seirbhísí meabhair-shláinte agus iad siúd atá á soláthar

2.1	Faigheann úsáideoirí seirbhíse seirbhísí ar bhealach a thugann urraim do agus a admhaíonn a gcuid luachanna, creidiúntí agus taithí faoi leith.*
2.2	Tugtar urraim do agus seastar le cearta úsáideoirí seirbhíse.*
2.3	Déanann an tseirbhís mheabhair-shláinte cur chun cinn ar mheabhair-shláinte agus lánpháirtiú úsáideoirí seirbhíse meabhair-shláinte sa phobal.

Téama 3 Baineann na daoine atá ag baint úsáide as an tseirbhís agus iad siúd atá á soláthar leas as cur chuige cumasaithe i dtreo seirbhísí a sheachadadh.	
3.1	Éascaítear úsáideoirí seirbhíse le páirt ghníomhach a ghlacadh ina gcúram agus cóireáil féin trí heolas a sholáthar. *
3.2	Tugtar cumhacht d'úsáideoirí seirbhíse maidir lena gcúram agus cóireáil féin trí rogha, cearta agus toiliú eolasach a chleachtadh. *
3.3	Tá tacaíocht piar/aighneacht ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse. *
3.4	Tá meicníocht shoiléir inrochtana um rannpháirteachas i seachadadh seirbhísí meabhair-shláinte ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse.
3.5	Feiceann úsáideoirí seirbhíse cur chuige i dtreo cóireála agus cúraim atá dírithe ar théarnamh.

Téama 4 Timpeallacht fhisiciúil ardchaighdeáin a chuireann chun cinn dea-shláinte agus a sheasann le slándáil agus sábháilteacht úsáideoirí seirbhíse	
4.1	Faigheann úsáideoirí seirbhíse cúram agus cóireáil i suíomhanna atá sábháilte, agus a thugann urraim do cheart an duine chun dínite agus príobháideachais. *
4.2	Faigheann úsáideoirí seirbhíse a ghlactar leo i suíomhanna cónaitheacha nó lae aiste bia chothrom dea-chothaitheach. *

Téama 5 Rochtain ar Sheirbhísí	
5.1	Tá an tseirbhís mheabhair-shláinte inrochtana don phobal.

Téama 6 Rannpháirteachas agus tacaíocht teaghlaigh/tacadóir roghnaithe	
6.1	Tugtar cumhacht do theaghlaigh, tuismitheoirí agus cúramóirí mar bhaill foirne atá ag fáil eolais, comhairle agus tacaíochta mar is cuí. *

Téama 7 Tá scileanna, saineolas agus meanma ball foirne ina dtionchair lárnacha i seachadadh seirbhíse meabhair-shláinte ardchaighdeáin	
7.1	Faigheann Úsáideoirí Seirbhíse cúram agus cóireáil ó bhaill foirne ardchaighdeáin a bhfuil na scileanna oiriúnacha acu.
7.2	Déantar an tseirbhís mheabhair-shláinte a bhainistiú agus a sheachadadh ag baill foirne atá ag fáil oiliúint bheartaithe agus forbairt ghairmiúil leanúnach.
7.3	Tacaítear le seachadadh seirbhíse meabhair-shláinte trí mhodhanna cruthaithe cáilíochta agus sábháilteachta a fhoghlaim agus a úsáid. *
7.4	Bíonn an cúram agus cóireáil a sholáthraíonn an tseirbhís mheabhair-shláinte dírithe ar thorthaí.

Téama 8 Cuirfidh luacháil agus athbhreithniú córasach ar sheirbhísí meabhair-shláinte agus é tacaithe ag dea-chleachtas ar chumas soláthróirí seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh	
8.1	Déantar an tseirbhís mheabhair-shláinte a sheachadadh de réir cód cleachtais, beartas agus prótacal atá bunaithe ar fhianaise. *
8.2	Tacaítear le agus treoraítear seirbhísí meabhair-shláinte ag córas comhtháite um eolas ar mheabhair-shláinte.
8.3	Tacaíonn rialachas corparáideach le bainistíocht agus seachadadh na seirbhíse meabhair-shláinte.*

*Caighdeáin beartaithe le tosú i 2007

Áirítear iad seo a leanas leis na toscaí ríthábhachtacha ratha, a d'aithnigh an Coimisiún Meabhair-Shláinte a mbíonn tionchar acu ar bhaint amach an phlean forfheidhmithe:

- "Glacadh leis" a bhaint amach ag leibhéil bainistíochta sinseartha chomh maith le tiomantas ó gach geallchoimeádaí chun an chreata cáilíochta;
- Acmhainní oiriúnacha a sholáthar de réir plean forfheidhmithe le costais;
- Buiséid cineachta chun cinnteoireacht agus úsáid éifeachtach acmhainní a chumasú;
- Pleanáil éifeachtach a leathann ón leibhéal macra/straitéiseach go seachadadh seirbhíse;
- Ceannaireacht láidir ag gach leibhéal chun na hathruithe a theastaíonn a chur i bhfeidhm.

Chuir an Coimisiún timpeall Feisteán Uirlisí Iniúchta dréachtúil chuig gach geallchoimeádaí lárnach i Meitheamh 2007 le tuairimí a dhearbhú i dtaobh na ceiste an mbainfí leas as an feisteán uirlisí dréachtúil, a dearadh chun cabhrú le seirbhísí tomhas a dhéanamh ar bhaint amach caighdeán sa chreat cáilíochta agus chun seirbhísí a éascú i ndul faoi fheabhsú leanúnach cáilíochta sa bhealach a ndéantar seirbhísí meabhair-shláinte in Éirinn a sheachadadh. Freisin thug an

Coimisiún le fios, nuair a cuireadh timpeall an feisteán uirlisí iniúchta dréachtúil go ndéanfaí tuairimí breise a dhearbhú ag seisiúin eolais/ceardlanna i rith 2007. Cuireadh na ceardlanna i gcrích sa cheathrú ráite de 2007.

Tá na tuairimí a fuarthas i dtaobh an fheisteán uirlisí iniúchta dréachtúil ó na próisis éagsúla mar a leagadh amach, á dtiomsú faoi láthair agus tabharfaidh siad treoir don phróiséas sa réimse sin i 2008.

CLÁR NA N-IONAD CEADAITHE

Mar chomhlacht rialála[1]tá clár ionad ceadaithe a bhunú agus a choimeád mar fheidhm lárnach de chuid an Choimisiúin (Alt 64, An tAcht Meabhair-Shláinte 2001). Forálann Alt 63 d'Acht 2001 do dhianchosc ionaid[2] nach bhfuil cláraithe leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte. Tá an sainmhíniú ar ionad leathan agus mar sin ba cheart a bheith cúramach agus an téarma ionad ceadaithe á léirmhíniú toisc nach dtagraíonn an téarma d'ionaid ar aonaid iontrála iad amháin.

Nuair a tugadh feidhm do Chuid 2 den Acht Meabhair-Shláinte 2001 ar 1ú Samhain 2006, measadh gurbh ionaid cheadaithe faoi réir Alt 72(6) iad ionaid a raibh duine iontu a bhí ag fáil cúraim agus cóireála le haghaidh neamhoird mheabhrach. Ceanglaíodh ar ionaid nach raibh ag soláthar cúraim agus cóireála do dhuine a raibh neamhord meabhrach air/uirthi díreach roimh an dáta tosach feidhme iarratas a dhéanamh ar chlárú faoi Alt 64 d'Acht 2001. Ar 31ú Nollaig 2007 bhí 61 ionad ceadaithe ann - 40 ionad a measadh a bheith ceadaithe mar atá leagtha amach thuas agus 21 a bhí cláraithe faoi Alt 64.

Shonraigh an *Review of the Operation of the Mental Health Act 2001*(An Roinn Sláinte agus Leanaí, Bealtaine 2007, lch.40) "*Ba cheart an idirthréimhse a fhoráiltear di in alt 72(6) a laghdú tar éis tuairimí an Choimisiúin Meabhair-Shláinte a mheas'.* D'iarr an Coimisiún, agus é ag súil go laghdófaí an idirthréimhse ag suas go trí bliana, ar na 40 ionad a bhí i gceist iarratas a dhéanamh ar chlárú de réir alt 64 den Acht in Iúil 2007 agus bhí iarratais fós á bhfáil i rith 2007.

AN tACHT MEABHAIR-SHLÁINTE 2001 (IONAID CHEADAITHE) RIALACHÁIN 2006 (I.R. UIMH. 551 DE 2006)

D'fhorordaigh an tUas. Tim O' Malley, T.D. an tAire Stáit sa Roinn Sláinte agus Leanaí rialacháin um ionaid cheadaithe agus chuaigh siad i bhfeidhm ar 1ú Samhain 2006. Rinneadh na rialacháin a fhorordú i ndiaidh comhairle a fháil ón gCoimisiún a bhí bunaithe ar dhea-chleachtas, taighde maidir le reachtaíocht dlúthchosúlach, tuarascálacha Chigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte agus an gá cuspóirí a d'fhéadfaí a bhaint amach a leagan.

Tá comhlíonadh na rialachán ceangailte le clárú mar ionad ceadaithe. Faoi Alt 64 den Acht, tá oibleagáid ar an gCoimisiún Clár Ionad Ceadaithe a bhunú agus a choimeád, agus tá cumhacht ag an gCoimisiún ionad a bhaint den Chlár, mura gcomhlíonann nó mura gcomhlíonfaidh iompar an ionaid na rialacháin [Alt 64(5)(b)]. Mar sin, ar bhealach difriúil le creidiúnú, ar próiseas deonach é, tá oibleagáid ar ionaid cheadaithe de réir an dlí na rialacháin sin a chomhlíonadh.

Agus é ag glacadh le cur chuige um fheabhsú leanúnach ar cháilíocht i dtreo cáilíocht soláthar seirbhíse a fhorbairt, cheap an Coimisiún próiseas d'ionaid cheadaithe chun féinmheasúnú a dhéanamh ar a gcomhlíonadh reatha leis na rialacháin nuair a tugadh isteach iad i Samhain 2006. Bhí dhá chuspóir ag baint le féinmheasúnú; feasacht a ardú ar oibleagáidí reachtúla agus réimsí neamhchomhlíonta a aithint ionas go bhféadfaí tús a chur le gníomh ceartúcháin.

---

[1] Sainítear comhlacht rialála mar "chomhlacht a bhfuil aitheantas reachtúil aige agus a bhfuil feidhmeanna aige in dá cheann de na trí réimse gníomhaíochta seo a leanas ar a laghad:1) Ceapadh cuspóirí, déanamh rialacha,[agus/nó] socrú caighdeán; 2)Maoirseacht, bailiú eolais, scrúdú, cigireacht, iniúchadh agus luacháil; 3)Forfheidhmiú, iompar a athrú, luach saothair agus smachtbhannaí a chur i bhfeidhm." I dteannta leis na róil thuas ní mór go mbeadh na gnéithe seo a leanas ag baint le comhlacht rialála: eagraíocht neamhspleách, ar leithligh ó aon chomhlacht eile; roinnt cumais aige um chinnteoireacht neamhspleách; é ag súil go leanfaidh sé ar aghaidh ar feadh tamaill; roinnt comhaltaí pearsanra agus acmhainní airgeadais. (Roinn an Taoisigh (2007) *Bodies in Ireland with Regulatory Powers*).

[2] Ciallaíonn "ionad" ospidéal nó áis eile um othair chónaitheacha le haghaidh cúram agus cóireáil daoine a bhfuil meabhair-ghalar nó neamhord meabhrach orthu." (Alt 62, An tAcht Meabhair-Shláinte 2001)

Forbraíodh foirm fhéinmheasúnaithe agus áiríodh freisin treoirleabhar chun cabhrú le líonadh na foirme. Áit ar shonraigh ionad, "ar bun go páirteach" nó "níl" i gcás rialacháin, iarradh ar an ionad plean(anna) gníomhaíochta a leagan amach chun comhlíonadh iomlán an rialacháin sin a bhaint amach lenar áiríodh fráma ama tuartha chun aon ghníomhartha den sórt sin a chríochnú. Síneadh an tréimhse um foirmeacha féinmheasúnaithe líonta a fhilleadh ó 14ú Nollaig 2006 go 20ú Aibreán 2007. Úsáideadh Pacáiste Staitisticiúil le haghaidh na n-Eolaíochtaí Sóisialta (SPSS leagan 14) chun anailís staitisticiúil a dhéanamh ar na sonraí cainníochtúla a filleadh sna foirmeacha féinmheasúnaithe.

Bhí sé beartaithe go soláthródh an t-eolas a bailíodh sonraí bonnlíne ar chomhlíonadh na rialachán go náisiúnta agus ag ionaid cheadaithe aonair, ag cuimhneamh go mbíonn leibhéil chomhlíonta bunaithe ar phróiséas féinmheasúnaithe.

Bhí an t-eolas a soláthraíodh sna foirmeacha féinmheasúnaithe ar fáil do Chigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte le cigireachtaí 2007 a threorú. I 2008, rinneadh comparáidí idir leibhéil chomhlíonta a sonraíodh sna féinmheasúnaithe agus na leibhéil chomhlíonta a fuair an Chigireacht i rith cigireachtaí 2007.

Léiríonn Tábla 1 an leibhéal náisiúnta d'fhéinmheasúnú ar chomhlíonadh na rialachán le haghaidh na 58 ionad ceadaithe ar 20ú Aibreán 2007, bunaithe ar an eolas a soláthraíodh sna foirmeacha measúnaithe a filleadh ar an gCoimisiún.

Tábla 1: Leibhéal Náisiúnta d'Fhéinmheasúnú ar Chomhlíonadh Rialacháin na n-Ionad Ceadaithe (%)

Rialachán	Úsáideadh %	Go páirteach %	Níor Úsáideadh %	Ní bhaineann/Níor tugadh %
4 – Aithint Cónaitheoirí	58.6	32.8	6.9	1.7
5 – Bia agus Cothú	86.2	8.6	-	5.2
6 – Sábháilteacht Bhia	89.7	8.6	-	1.7
7 – Éadaí	81	15.5	-	3.4
8 – Earraí & Iarmhais Phearsanta Cónaitheoirí	69	31	-	-
9 – Gníomhaíochtaí Caithimh Aimsire	72.4	25.9	1.7	-
10 – Creideamh	89.7	10.3	-	-
11 – Cuairteanna	48.3	51.7	-	-
12 – Cumarsáid	36.2	60.3	3.4	-
13 – Cuardaigh	37.9	60.3	-	1.7
14 – Cúram dóibh siúd atá ag Fáil Bháis	48.3	46.6	5.2	-
15 – Plean Cúraim Aonair	82.8	15.5	-	1.7
16 – Seirbhísí & Cláir Theiripeacha	62.1	36.2	-	1.7
17 – Oideachas Leanaí	17.2	8.6	34.5	39.7
18 – Aistriú Cónaitheoirí	63.8	34.5	1.7	-

19 – Sláinte Ghinearálta	55.2	41.4	1.7	1.7
20 – Soláthar Eolais do Chónaitheoirí	39.7	56.9	-	3.4
21 – Príobháideachas	87.9	8.6	-	3.4
22 – Áitribh	55.2	39.7	-	5.2
23 – Ordú, Stóráil & Riar Cógas	81	13.8	-	5.2
24 – Sláinte & Sábháilteacht	89.7	8.6	-	1.7
25 – Úsáid Teilifíse Chiorcaid Iata	27.6	25.9	12.1	34.5
26 – Soláthar Ball Foirne	69	27.6	-	3.4
27 – Coimeád Taifead	53.4	41.4	-	5.2
28 – Clárú Cónaitheoirí	56.9	39.7	-	3.4
29 – Beartais agus Nósanna Imeachta Oibriúcháin	75.9	15.5	3.4	5.2
30 – Binsí Meabhair-Shláinte	91.4	5.2	-	3.4
31 – Nósanna Imeachta Gearán	79.3	19	-	1.7
32 – Nósanna Imeachta Bainistíochta Priacal	44.8	53.4	-	1.7
33 – Árachas	79.3	1.7	-	19
34 – Deimhniú Cláraithe	53.4	5.2	17.2	24.1

N= 58

Bhí 61 ionad ceadaithe ann ar 31ú Nollaig, 2007. Ní áiríonn Tábla 1 Teach Aisling, Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo ná Ionad Leanaí Anna, Gaillimh a iontráladh ar Chlár na n-Ionad Ceadaithe i ndiaidh an tréimhse a rinneadh athbhreithniú uirthi. Tugtar faoi deara freisin go raibh Ospidéal Príobháideach Highfield agus Ospidéal Hampstead cláraithe mar aon ionad amháin nuair a rinneadh na féinmheasúnaithe.

Ba cheart a bheith cúramach agus na torthaí féinmheasúnaithe atá sonraithe i dtábla 1 á léirmhíniú. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar na foirmeacha féinmheasúnaithe, tháinig sé chun solais cé gur shonraigh roinnt ionad "comhlíonadh iomlán" le haghaidh rialacháin áirithe, thug an fhianaise ar an gcaoi ar léirigh an t-ionad comhlíonadh le fios nach raibh ach comhlíonadh páirteach nó neamhchomhlíonadh an rialacháin sin i gceist. Freisin próiseas nua le haghaidh ionad ceadaithe atá i bhféinmheasúnú agus tá an Coimisiún ag súil go mbeidh féinmheasúnaithe a fhillfidh ionaid cheadaithe amach anseo níos sonraí agus níos cruinne. Leis an bpróiséas sin a éascú, rinne an Coimisiún an fhoirm

fhéinmheasúnaithe a nuashonrú le miondealú a áireamh ar chomhlíonadh de réir gach fo-ailt de na rialacháin, ionas go bhféadann freagróirí plé leis an gcaoi a léiríonn siad comhlíonadh gach gné de na rialacháin.

Mar chuid den athbhreithniú náisiúnta sin ar fhéinmheasúnú ionad ceadaithe ar chomhlíonadh na rialachán, chuir an Coimisiún scarbhileog achoimre chuig gach ionad ceadaithe ar fhéinmheasúnú an ionaid ar chomhlíonadh na rialachán, atá bunaithe ar an eolas a filleadh ar an gCoimisiún. Cuireann an t-eolas ar chumas ionad ceadaithe aon ghníomh/gníomhartha a aithníodh ina bhféinmheasúnú a fheiceáil go soiléir i dteannta leis na frámaí ama tuartha um chríochnú.

Is é seo an chéad uair a rinneadh athbhreithniú náisiúnta ar fhéimheasunú áiseanna d'othair chónaithe ar chomhlíonadh le rialacháin reachtúla laistigh d'aon ghné de na seirbhísí sláinte in Éirinn. Áiríonn an t-athbhreithniú sin ar chomhlíonadh I.R. Uimh. 551 de 2006, an tAcht Meabhair-Shláinte 2001 (Ionaid Cheadaithe) Rialacháin 2006 gach seirbhís meabhair-shláinte d'othair chónaitheacha is cuma faoi mheicníochtaí maoinithe. Ó tugadh feidhm iomlán don Acht Meabhair-Shláinte 2001, tá níos mó béime á leagan de réir a chéile ar mhaoirseacht agus luacháil ar ionaid cheadaithe.

Sonraíonn Téama 8 den Chreat Cáilíochta um Sheirbhísí Meabhair-Shláinte in Éirinn "*Cuirfidh luacháil agus athbhreithniú córasach ar sheirbhísí meabhair-shláinte agus é tacaithe ag dea-chleachtas ar chumas soláthróirí seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh'*. Dhá chaighdeán as na 14 caighdeán a bhfuil tosaíocht tugtha dóibh le haghaidh forfheidhmithe i 2007 ná Caighdeán 8.1, a shonraíonn go ndéantar an tseirbhís mheabhair-shláinte a sheachadadh de réir cód cleachtais, beartas agus nósanna imeachta atá bunaithe ar fhianaise, agus Caighdeán 8.3, a shonraíonn go dtacaíonn rialachas corparáideach le bainistíocht agus seachadadh na seirbhíse meabhair-shláinte

PRIACAL CLINICIÚIL I SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE A MHEAS

Tá oibleagáid reachtúil ar ionaid cheadaithe beartas cuimsitheach um bainistíocht priacal a bheith ar bun acu faoi Airteagal 32 den Acht Meabhair-Shláinte 2001 (Ionaid Cheadaithe) Rialacháin 2006. Dearbhaíonn Caighdeán 7.3 den Chreat Cáilíochta um Sheirbhísí Meabhair-Shláinte in Éirinn, a bhaineann le speictream leathan na seirbhísí meabhair-shláinte:

"Tacaítear le seachadadh seirbhíse meabhair-shláinte trí modhanna cruthaithe cáilíochta agus sábháilteachta a fhoghlaim agus a úsáid". (An Coimisiún Meabhair-Shláinte, 2007)

Rinne an Coimisiún Meabhair-Shláinte agus an Scéim Árachais Chliniciúil comhóstáil ar chomhdháil ar *Assessing Clinical Risk in Mental Health Services* i dTeach Farmleigh, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath ar 20ú Samhain 2007.

Seo a leanas na cuspóirí a bhí ag an gcomhdháil:

(1) feasacht a ardú ar an ngné measúnaithe ar phriacal cliniciúil de bhainistíocht priacal laistigh de chomhthéacs na rialála agus an fheabhsú cáilíochta do sheirbhísí meabhair-shláinte;

(2) forbhreathnú a sholáthar ar mheasúnú priacal cliniciúil ó thaobh teoirice agus cleachtais de le roinnt samplaí léiritheacha;

(3) na chéad chéimeanna eile a dhearbhú ó dhealagáidí i. cén chaoi a bhféadann an Coimisiún Meabhair-Shláinte (MHC) agus an Scéim Árachais Chliniciúil (CIS) seirbhísí meabhair-shláinte agus úsáideoirí seirbhíse a spreagadh, a éascú agus a thacú maidir le bainistíocht priacal cliniciúil.

Tá sé de rún ag an gCoimisiún oibriú ar thionscnaimh sa réimse lárnach seo le cinntiú go dtacaíonn cleachtais shábháilte le seachadadh seirbhísí meabhair-shláinte.

CÓD CLEACHTAIS MAIDIR LE GLACADH ISTEACH LEANAÍ FAOIN ACHT MEABHAIR-SHLÁINTE 2001

GLACADH ISTEACH DEONACH AGUS AINNEONACH

Tá forálacha ar leithligh san Acht Meabhair-Shláinte 2001 maidir le glacadh isteach ainneonach leanaí a cheanglaíonn ar

an FSS iarratas a dhéanamh don Chúirt Dúiche. Tá sonraí ar phróiséas an chur isteach ainneonaigh sa *Code of Practice relating to the admission of children under the Mental Health Act 2001, (Uimh. Thagartha: COP-S33(3)/01/2006;* de chuid an Choimisiúin. Sonraíonn an tAcht Meabhair-Shláinte 2001 Alt 2(1) go gciallaíonn "leanbh" duine faoi 18 bliain d'aois seachas duine atá nó a bhí pósta. Tuairiscíodh 325 leanbh a glacadh isteach go deonach agus 3 leanbh a glacadh isteach go hainneonach don Choimisiún i 2007.

Ó bunaíodh é, tharraing an Coimisiún Meabhair-Shláinte aird i gcónaí ar an easpa áiseanna ospidéal d'othair chónaitheach agus áiseanna lae le haghaidh leanaí agus ógánach. Tá an Coimisiún Meabhair-Shláinte den tuairim nach mór plé le soláthar ionad ceadaithe atá oiriúnach d'aois le haghaidh leanaí agus ógánach mar ábhar práinne. Shonraigh an Coimisiún Meabhair-Shláinte sa chód cleachtais a eisíodh i Samhain 2006 nach mian go nglacfaí isteach leanaí in aonaid in ionaid cheadaithe a sholáthraíonn cúram agus cóireáil d'aosaigh go príomha. Ach i gcásanna áit nach bhfuil aon rogha eile ar fáil, d'fhéadfadh go mbeadh glacadh isteach den sórt sin riachtanach. Agus é ag teacht ar an gcinneadh sin mhol an Coimisiún Meabhair-Shláinte gur cheart aird chuí a thabhairt ar an bpriacal don leanbh a bheadh ann mura nglacfaí isteach é nó í agus na drochéifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an nglacadh isteach sin. Measadh go raibh sé tábhachtach a chinntiú go gcuirfí socruithe eatramhacha oiriúnacha ar bun le cosaint agus sábháilteacht leanaí den sórt sin a chinntiú. Má ghlactar leanaí isteach in ionaid cheadaithe d'aosaigh toisc go bhfuil sé riachtanach baineann forálacha an Chóid Chleachtais Maidir le Glacadh Isteach Leanaí agus áirítear leo siúd ceanglas fógra a thabhairt don Choimisiún faoi ghlacadh isteach den sórt sin.

Déanann Tábla 2 achoimre ar ghníomhaíocht 2007 maidir le fógra a thabhairt ag an ionad ceadaithe faoi gach leanbh a glacadh isteach. Ghlac tríocha-cúig aonad[3] i 34 ionad ceadaithe isteach leanaí i 2007.

Tábla 2: Líon Iomlán Leanaí a Glacadh Isteach 2007

	Líon & Cineál Aonaid a Úsáideadh	Líon a Glacadh Isteach	Céatadán
FSS BAILE ÁTHA CLIATH LÁR LAIGHEAN	7 n-Aonad Aosach	28	9%
FSS THIAR	7 n-Aonad Aosach 1 Aonad Leanaí	49 20	15% 6%
FSS AN DEISCEART	10 n-Aonad Aosach	60	18%
FSS BAILE ÁTHA CLIATH THOIR THEAS	6 Aonad Aosach 1 Aonad Leanaí	25 46	8% 14%
AN EARNÁIL NEAMHSPLEÁCH	2 Aonad Aosach 1 Aonad Leanaí	31 69	9% 21%
FO-IOMLÁN	32 Aonad Aosach 3 Aonad Leanaí	193 135	
Iomlán	35 Aonad	328	100%

Bhain caoga-naoi fán gcéad (n=193) den ghlacadh isteach sin le haonaid aosach agus bhain 41% (n=135) le haonaid leanaí. Rinneadh an chuid is mó den ghlacadh isteach 99% (n=325) ar bhonn deonach. Glacadh isteach ainneonach faoi alt 25 d'Acht 2001 a bhí sa 1% eile. Soláthraíonn Tábla 3 an líon iomlán d'eipeasóidí de ghlacadh isteach/athghlacadh isteach deonach i 2007.

[3] Comhraítear Ospidéal Eoin Dé (aonad aosach) agus Sraith Ginesa, Ospidéal Eoin Dé (aonad leanaí) mar dhá aonad ar leithligh le haghaidh na tuarascála.

Tábla 3: Glacadh Isteach/Athghlacadh Isteach Deonach 2007

	1 Ghlacadh Isteach	2 Ghlacadh Isteach	3 Ghlacadh Isteach	4 Ghlacadh Isteach nó níos mó
Líon Leanaí a Glacadh Isteach in Aonaid Aosach	125	15	6	4
Líon Leanaí a Glacadh Isteach in Aonaid Leanaí	116	8	1	0
Iomlán	241	23	7	4

GLACADH ISTEACH AINNEONACH LEANAÍ, AOIS & INSCNE

Soláthraíonn Tábla 4 agus 5 sonraí ar Ghlacadh Isteach Ainneonach Leanaí i 2007 de réir aoise agus an líon a glacadh sa tréimhse agus fad an ghlacadh isteach. Bhain an trí chás de ghlacadh isteach le hionaid cheadaithe d'aosaigh.

Tábla 4: Glacadh Isteach Ainneonach Leanaí (Líon & Aois)

Aois	Aon Eipeasóid Amháin de Choinneáil	Níos mó ná Eipeasóid amháin de Choinneáil
Líon na Leanaí (Bhí na triúir leanaí go léir 17 bliain d'aois)	3	0

Tábla 5: Fad na Tréimhse de Ghlacadh Isteach Ainneonach Leanaí (Laethanta) 2007

Fad na Tréimhse d'Ordú Alt 25 (laethanta)	Fad na Tréimhse de Ghlacadh Isteach Ainneonach (laethanta)
19	19
20	20
21	18

Glacadh isteach líon beag leanaí go hainneonach (n=3). I ngach cás glacadh isteach in aonaid aosach iad. Glacadh isteach líon mór leanaí (n=193) ar bhonn deonach i líon mór aonad aosach (n=32). Mar shampla, i Réigiún FSS an Deiscirt rinneadh 60 glacadh isteach ainneonach do 10 n-aonad aosach.

CÓD CLEACHTAIS UM SHEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE AR FHÓGRA A THABHAIRT AR BHÁS AGUS TUAIRISCIÚ TARLÚINTÍ.

Faoi réir Alt 33 (3)(e) ullmhóidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte, tar éis comhairliúcháin, cóid chleachtais um threorú daoine atá ag obair laistigh de na seirbhísí meabhair-shláinte. In 2006, thug an Coimisiún isteach *Córas Tuairiscithe Tarlúintí – Cuid a hAon:Ionaid Ceadaithe*. Tugadh an córas sin isteach ar feitheamh cód cleachtais a fhorbairt agus go dtí go rachadh an Coimisiún i gcomhairle le baill foirne a bhí ag obair i seirbhísí meabhair-shláinte agus comhlachtaí seachtracha ábhartha a raibh ról acu i sábháilteacht othar agus tuairisiciú tarlúintí. I rith 2007, tugadh faoi phróiséas

fairsing comhairliúcháin agus foilseoidh an Coimisiún cód cleachtais um sheirbhísí meabhair-shláinte ar fhógra a thabhairt ar bhás agus tarlúintí in Eanáir 2008.

CÓD CLEACHTAIS A RIALAÍONN TEIRIPE LEICTREABHAOTH-THONNACH A ÚSAID LE HAGHAIDH OTHAR DEONACH.

Chuir Alt 59(2) den Acht Meabhair-Shláinte 2001 oibleagáid ar an gCoimisiún Meabhair-Shláinte rialacha a dhéanamh ag foráil do theiripe leictreabhaoth-thonnach (TLT) a úsáid. Chuaigh na rialacha sin i bhfeidhm ar 1ú Samhain 2006. Déantar othar faoi Acht 2001 a fhorléiriú de réir alt 2001 agus tagraíonn sé do dhuine a mbaineann ordú um ghlacadh isteach deonach nó ordú ainneonach leis nó léi. Mar sin baineann na rialacha le húsáid TLT ar dhuine a ghlactar isteach go hainneonach in ionad ceadaithe amháin. Mar thoradh air sin, de réir alt 33(3)(e) den Acht Meabhair-Shláinte 2001, tógfaidh an Coimisiún amach cód cleachtais a rialaíonn úsáid TLT le haghaidh othar deonach in ionaid cheadaithe in Eanáir 2008. Beidh an cód cosúil ar go leor bealaí leis na forálacha atá leagtha amach faoi rialacha Alt 59(2).

CÓD CLEACHTAIS UM SHEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS INTLEACHTÚIL

Bhunaigh an Coimisiún grúpa oibre geallchoimeádaithe chun cabhrú leis an gCoimisiún cód cleachtais a fhorbairt um threorú daoine atá ag obair i seirbhísí meabhair-shláinte le haghaidh daoine faoi mhíchumas intleachtúil. Déanfar comhairliúchán ar an gcód agus déanfar é a fhoilsiú i 2008.

CÓD CLEACHTAIS AR GHLACADH ISTEACH, AISTRIÚ AGUS SCAOILEADH CHUIG AGUS Ó IONAID CHEADAITHE

D'ullmhaigh an Coimisiún Meabhair-Shláinte dréachtchód cleachtais le haghaidh na réimse sin i 2006. Tá an cód dírithe ar ionaid cheadaithe a éascú chun a gcuid beartas agus nósanna imeachta féin a fhorbairt maidir le glacadh isteach, aistriú agus scaoileadh de réir an dea-chleachtais reatha. Ag an am, mar thoradh ar an gclár oibre agus cleachtais nua a bhain le tosach feidhme iomlán an Achta Meabhair-Shláinte 2001 ar 1ú Samhain, 2006, chinn an Coimisiún an próiseas comhairliúcháin a chur siar go dtí 2007.

Toisc go ndearnadh an t-athbhreithniú eolais a thacaigh leis an dréachtchód i 2006, rinne an Coimisiún an t-athbhreithniú a nuashonrú i 2007 chun a chinntiú go raibh an dréachtchód bunaithe ar eolas nuashonraithe. Rinneadh an dréachtchód cleachtais a leasú dá réir agus eisíodh do gheallchoimeádaithe é i Samhain 2007 le haghaidh comhairliúcháin. Críochnófar an próiseas comhairliúcháin agus foilseofar an cód i 2008.

NÓTA TREORACH AR SCAOILEADH Ó IONAID CHEADAITHE CHUIG SUÍOMHANNA CÚRAIM MHALARTAIGH (LENA N-ÁIRÍTEAR TITHE ALTRANAIS)

Is eol don Choimisiún Meabhair-Shláinte go bhfuil líon níos mó daoine a bhí ag fáil cúram agus cóireála meabhair-shláinte ar feadh roinnt bliana in ionaid cheadaithe á scaoileadh chuig suíomhanna cúraim mhalartaigh. Tá an scaoileadh sin ag tarlú laistigh de chomhthéacs dúnadh/scálú anuas na seanospidéal sicíatrach nó mar chuid den bheartas leanúnach i leith daoine faoi mhíchumas intleachtúil a chur i suíomhanna níos oiriúnaí. I mBealtaine 2006, cuireadh timpeall an *Mental Health Commission Guidance Note Discharge from Approved Centres to Alternative Care Settings (including nursing homes)* chuig gach ionad ceadaithe ar feitheamh Cód Cleachtais a fhoilsiú maidir le glacadh isteach, scaoileadh agus aistriú chuig agus ó hionad ceadaithe.

I Meitheamh 2007, cinneadh nach n-iarrfadh an Coimisiún Meabhair-Shláinte tuarascáil bhliantúil ansin toisc go gcuirfeadh sé ualach riaracháin breise ar sheirbhísí. Cinneadh go dtabharfaí faoi shuirbhé leis an eolas a bhí ag teastáil a fháil. Ba í aidhm iomlán an tsuirbhé ná fáil amach cén chaoi a roghnaíonn ionaid cheadaithe áiseanna cúraim mhalartaigh; cén chaoi a ndéanann siad maoirseacht, athbhreithniú agus obair leantach ar shocrúcháin; agus cén chaoi a dtarlaíonn pleanáil agus cinnteoireacht maidir le socrúcháin den sórt sin i rith na tréimhse 1ú Meitheamh 2006 go 31ú

Lúnasa 2007. Treoróidh torthaí an tsuirbhé sin ullmhú cód cleachtais maidir le glacadh isteach, scaoileadh agus aistriú chuig agus ó ionaid cheadaithe agus cuirfidh sé deireadh leis an ngá leis an nóta treorach sonrach sin.

OILIÚINT AGUS FORBAIRT

Go luath i 2007 réachtáladh seisiúin eolais ar Rialacháin an Achta Meabhair-Shláinte 2001 (Ionaid Cheadaithe) 2006. Ba í aidhm na seisiún sin ná seirbhísí meabhair-shláinte a chur ar a n-eolas faoin gcreat reachtaíochta um chlárú agus treoir a sholáthar ar an iarratas clárúcháin a chomhlánú. D'fhreastal 64 dealagáid a bhí ag déanamh ionadaíochta ar 34 ionad ceadaithe ar na seisiúin sin.

Freisin sholáthraigh an Coimisiún Meabhair-Shláinte, i gcomhpháirt leis an FSS agus na hionaid san earnáil neamhspleách, seisiúin eolais ar na rialacháin, rialacha agus cóid chleachtais i rith 2007 le feasacht a ardú ar na hoibleagáidí reachtúla faoi Acht 2001. Rinneadh dhá sheisiún a sheachadadh i gcomhpháirt i ngach ceann de cheithre limistéar an FSS agus rinneadh seisiún amháin a sheachadadh ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte le haghaidh na seirbhísí neamhspleácha agus deonacha. D'fhreastal go leor daoine a rinne ionadaíocht ar gheallchoimeádaithe ionad ceadaithe ar na seisiúin sin.

I Samhain 2007 réachtáil an Coimisiún a chéad chruinniú bliantúil den téama “Mental Health Act 2001: Making a Difference.” D'fhreastal beagnach 400 duine uirthi, a rinne ionadaíocht ar raon leathan de rannpháirteachas i gceisteanna agus seirbhísí meabhair-shláinte mar phainéil bhinse meabhair-shláinte an Choimisiúin, cúlraí úsáideora seirbhíse, aighneachta agus soláthróra seirbhíse. Dhírigh an chomhdháil ar thrí théama thar 2 lá;

- reachtaíocht ar chearta daonna & meabhair-shláinte,
- taithí úsáideoirí seirbhíse agus ról na taighde, agus
- tionscnaimh cháilíochta & caighdeáin a ardú i seirbhísí meabhair-shláinte.

Léirigh luacháil ar an imeacht sin, a sheol an tAire Stáit, an Roinn Sláinte agus Leanaí, an Dr. Jimmy Devins, T.D. gur cuireadh fáilte mhór roimpi agus go raibh sé an-fhaisnéiseach, agus go gcuirfí fáilte roimh thuilleadh comhdhálacha den sórt sin.

Lean oiliúint ar aghaidh ar fhorálacha an Achta Meabhair-Shláinte 2001, lenar áiríodh seisiún eolais sonrach ar an Acht Meabhair-Shláinte 2001 le haghaidh Síciatraithe Comhairleacha atá ag obair leis an tSeirbhís Mí-Úsáide Substaintí (Baile Átha Cliath) ar tugadh creidiúnú dó ag Coláiste Síciatraithe na hÉireann.

Bhí teagmháil leanúnach ag an gCoimisiún le Coláiste Oiliúna an Gharda Síochána, an Teampall Mór agus chuir sé le hoiliúint a fhorbairt. Cuireadh in iúl don Choimisiún gur thug Sáirsintí an Gharda Síochána a raibh freagrachtaí oiliúna orthu oiliúint shonrach ar Acht 2001 i mbliana. Ar iarratas, tugadh rochtain dóibh siúd a bhí ag seachadadh na hoiliúna ar acmhainní oiliúna shuíomh r-fhoghlama an Choimisiúin a chabhraíonn le hoiliúint a sheachadadh.

Bhunaigh an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta grúpa de gheallchoimeádaithe ábhartha a áiríonn an Coimisiún Meabhair-Shláinte chun caighdeáin a tharraingt suas um measúnú riachtanas de réir alt 5 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (EPSEN) agus alt 8 den Acht um Míchumas 2005. Baineadh úsáid as tuarascáil, a tiomsaíodh ó aighneachtaí scríofa agus toradh ar dhá lá comhairliúcháin éascaithe, le forbairt na gcaighdeán a threorú. Chuaigh na caighdeáin i bhfeidhm ó 1ú Meitheamh 2007, agus leanaí faoi mhíchumas atá níos lú ná 5 bliana d'aois de theideal chun cur isteach ar mheasúnú.

PÁIPÉIR PHLÉ/SEASAIMH

I ndiaidh an anailís cháilíochtúil ar aighneachtaí ar an bpáipéar plé ar an Múnla Téarnaimh a mheas, d'fhostaigh an Coimisiún Meabhair-Shláinte an Dr. Agnes Higgins, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, chun páipéar a ullmhú ar choincheap agus prionsabail an téarnaimh agus chun creat a sholáthar um cur chuige téarnaimh a thabhairt isteach, a fhorbairt agus iniúchadh a dhéanamh air laistigh de na seirbhísí meabhair-shláinte in Éirinn. Cuireadh an páipéar sin - "A Recovery Approach within the Irish Mental Health Services A Framework for Development” i gcrích i Meán Fómhair 2007. Chinn an Coimisiún comhdháil a eagrú ar an téama sin agus beartaíodh í le haghaidh Aibreáin 2008. D'aontaigh an

Coimisiún Meabhair-Shláinte glacadh le straitéis chosúlach maidir leis an bpáipéar plé ar Multidisciplinary Team Working: From Theory to Practice.

I rith 2007 rinne coiste an Choimisiúin Meabhair-Shláinte ar sheirbhísí meabhair-shláinte foiréinseacha athbhreithniú ar na freagraí ar an bpáipéar plé ar Sheirbhísí Meabhair-Shláinte Foiréinseacha le aghaidh aosach in Éirinn agus chuir sé tús le páipéar seasaimh a dhréachtú. Táthar ag súil go gcríochnófar é sin i lár 2008.

Nuair a ceapadh an Coimisiún Meabhair-Shláinte reatha in Aibreán 2007, rinne an coiste ar sheirbhísí meabhair-shláinte do leanaí agus ógánaigh a atógáil agus aontaíodh ar théarmaí tagartha athbhreithnithe:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha san Acht Meabhair-Shláinte 2001 maidir le leanaí agus ógánaigh agus forbairtí ó tugadh feidhm iomlán don Acht agus moltaí a dhéanamh don Choimisiún Meabhair-Shláinte.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar reatha seirbhísí meabhair-shláinte do leanaí agus ógánaigh in Éirinn.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairt seirbhíse agus dea-chleachtas go hidirnáisiúnta.
- Moltaí a dhéanamh don Choimisiún ar thuilleadh forbairtí seirbhíse in Éirinn maidir le leanaí agus ógánaigh a bhfuil fadhb mheabhrach acu.

VISION FOR CHANGE

Foilsíodh Vision for Change, beartas an rialtais ar sheirbhísí meabhair-shláinte in Éirinn ag an Roinn Sláinte agus Leanaí in Eanáir 2006. Bhí cur i bhfeidhm an doiciméid bheartais sin fós ina ábhar imní don Choimisiún Meabhair-Shláinte i 2007.

Rinne foilsiú an Chreat Cáilíochta do Sheirbhísí Meabhair-Shláinte in Éirinn ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte i Márta 2007 na moltaí in Vision for Change a chomhlánú agus a thacú. Léiríonn anailís chomparáideach idir an Creat Cáilíochta agus Vision for Change leibhéal ard ailínithe idir an dá dhoiciméad.

I rith 2007 réachtáil an Coimisiún Meabhair-Shláinte cruinnithe le bainistíocht shinsearach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an tAire Stáit um Mhíchumas agus Meabhair-Shláinte, an Roinn Sláinte agus Leanaí, chun an easpa de dhul chun cinn ceart ar chur i bhfeidhm Vision for Change a phlé. Áiríodh leis na réimsí ar tarraingíodh aird orthu sa phlé sin an mhainneachtain na leasuithe lárnacha struchtúrtha agus bainistíochta ar tugadh sonraí orthu in Vision for Change a chur i bhfeidhm agus na heaspaí leanúnacha seirbhísí i réimsí mar Sheirbhísí Meabhair-Shláinte do Leanaí agus Ógánaigh agus foirne meabhair-shláinte pobail.

Tosaíocht Straitéiseach Uimhir a Dó

Cearta agus leasanna is fearr na ndaoine atá ag baint úsáide as seirbhísí meabhair-shláinte a chur chun cinn agus a chosaint mar a sainmhínítear san Acht Meabhair-Shláinte 2001 iad.

RÉAMHRÁ

Le tosach feidhme iomlán an Achta Meabhair-Shláinte ó 1^{ú} Samhain 2006, chuaigh an córas um athbhreithniú neamhspleách do gach glacadh isteach ainneonach i bhfeidhm. Soláthraíonn sé sin d'athbhreithniú uathoibríoch neamhspleách ar gach glacadh isteach ainneonach ag binse meabhair-shláinte de thriúir, atá comhdhéanta de dhlíodóir, síciatraí comhairleach agus ball tuata. Sula ndéantar an t-athbhreithniú sin, ceaptar ionadaí dlíthiúil ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte le haghaidh gach othair (ach má tá sé beartaithe aige/aici ionadaí a fhostú) agus beidh scrúdú leighis neamhspleách ag síciatraí comhairleach a cheapfaidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte curtha i gcrích.

NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE GLACADH ISTEACH AINNEONACH (AOSAIGH)

Ó 1ú Samhain 2006 thug Acht 2001 isteach forálacha um chóras ionadaíochta dlíthiúla saor in aisce le haghaidh aosach agus athbhreithnithe neamhspleácha le linn a n-eipeasóide de ghlacadh isteach ainneonach.[4]. Déantar é sin ag binse meabhair-shláinte le linn gach tréimhse coinneála. Faoi Acht 2001 maireann na tréimhsí coinneála ar feadh suas go 21 lá, ansin tréimhsí trí mhíosa, sé mhí agus ina dhiaidh sin suas go 12 mhí, a dtugtar orduithe athnuachana orthu.

Tugadh fógra don Choimisiún faoi na chéad orduithe coinneála ó 1ú Samhain 2006 agus thosaigh an Coimisiún ag cur faoi bhráid binsí meabhair-shláinte iad. Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara go bhfuil forálacha in Acht 2001 um dhá mhodh chun coinneáil a thosú; *Ordú um Ghlacadh Isteach Ainneonach ar feadh suas go 21 lá,* (Foirm 6) agus *Deimhniú & Ordú um Ghlacadh Isteach chun Othar Deonach (Aosach) a choinneáil* (Foirm 13) a choinneálann ar feadh suas go 21 lá freisin.

GLACADH ISTEACH AINNEONACH (AOSAIGH) 2007

Cuireadh anailís i gcrích ar an líon aosach a glacadh isteach go hainneonach agus úsáid á baint as forálacha alt 9, 10 & 14 den Acht sa tréimhse 2007. I nglacadh isteach den sórt sin déantar an t-ordú um ghlacadh isteach ag síciatraí comhairleach ar *Foirm 6, Ordú um Ghlacadh Isteach Ainneonach ar feadh suas go 21 lá,* nach mór go rachadh iarratas in éineacht leis (Foirm 1, 2, 3 nó 4) chomh maith le moladh ag cleachtóir leighis cláraithe, (Foirm 5). Tugadh fógra don Choimisiún i 2007 faoi 1,503 *Ordú Foirm 6 um Ghlacadh Isteach Ainneonach ar feadh suas go 21 lá* i 2007.

OTHAR DEONACH A CHOINNEÁIL; ALT 24 AN tACHT MEABHAIR-SHLÁINTE 2001

Leagann Alt 24 an tAcht Meabhair-Shláinte 2001 amach na nósanna imeachta a bhaineann le cinneadh othar deonach a athghrádú do stádas ainneonach. I gcás glacadh isteach den sórt sin déantar an t-ordú um ghlacadh isteach ar fhoirm reachtúil *Foirm 13 Deimhniú agus Ordú um Ghlacadh Isteach chun Othar Deonach (Aosach) a Choinneáil,* a shíníonn beirt shíciatraithe comhairleacha. Tugadh fógra don Choimisiún faoi 623 cás de ghlacadh isteach den sórt sin i 2007. I ndiaidh cinneadh Ard-Chúirte maidir le hiarratas Habeas Corpus ar an 21ú Nollaig 2006, iarradh soiléiriú maidir le hAlt 24 a úsáid. Toisc go sonraíonn Alt 24(1) "Áit a gcoinneáltar duine (seachas leanbh) faoi réir Alt 23.." ba é toradh Rialú na hArd-Chúirte ná nach féidir Alt 24(1) a agairt ach má tá Alt 23(1) aisghairthe. Cuireadh anailís i gcrích ar an líon othar a coinneáladh agus úsáid á baint as alt 24 den Acht sa tréimhse 2007.

COMPARÁIDÍ 2005-2007

Tugann Figiúr 1 achoimre ar bhonn míosúil ar an dá chatagóir de ghlacadh isteach ainneonach le haghaidh 2007 atá thuas, i. - *Foirm 6 Orduithe um Ghlacadh Isteach Ainneonach ar feadh suas go 21 lá,* agus *Foirm 13, Deimhniú & Ordú um Ghlacadh Isteach chun Othar Ainneonach (Aosach) a Choinneáil.*

Figiúr 1: Glacadh Isteach Ainneonach Míosúil 2007: Foirm 6 Orduithe um Ghlacadh Isteach Ainneonach ar feadh suas go 21 lá agus Foirm 13, Deimhniú & Ordú um Ghlacadh Isteach chun Othar Deonach (Aosach) a Choinneáil

[4] Is é atá in eipeasóid ná an tréimhse de ghlacadh isteach ainneonach gan bhriseadh a chaitheann othar.

Ba ghnách gur fhan an *Ordú Foirm 6* laistigh de bhanna de idir 120 agus 140 in aghaidh na míosa, agus ba ghnách go raibh an *Ordú Foirm 13* idir 40 agus 60 fán gcéad in aghaidh na míosa.

Rinneadh comparáid idir gníomhaíocht i nglacadh isteach ainneonach i 2007 le haghaidh na gníomhaíochta i 2005 faoin Acht Cóireála Meabhair-Ghalair 1945. Roghnaíodh an bhliain 2005 le haghaidh comparáide le ligint don éifeacht a bhí ag tosach feidhme Acht 2001 i 2006 maidir le rátaí de ghlacadh isteach a shaobhadh go bréagach sna míonna díreach roimh an dáta thosach feidhme agus ina dhiaidh. Tugann Figiúr 2 thíos achoimre ar an gcomparáid seo ar bhonn míosúil agus léiríonn sé laghdú 25% ar ghníomhaíocht i nglacadh isteach ainneonach ar an iomlán.

Figiúr 2: Comparáid idir Glacadh Isteach Ainneonach 2005 & 2007

Léiríonn tuilleadh comparáide idir 2007 agus 2005 gur féidir an laghdú ar ghníomhaíocht a mhíniú ag laghduithe sa chatagóir *Foirm 6 Ordú um Ghlacadh Isteach Ainneonach ar feadh suas go 21 lá,* (-34%) i gcoinne *Foirm 13, Deimhniú & Ordú um Ghlacadh Isteach chun Othar Deonach (Aosach) a Choinneáil;* áit ar tháinig méadú ar an líon (+15%).

Tugann Tábla 6 (A) agus (B) anailís bhreise ar ghlacadh isteach ainneonach in 2007 ag gach ionad formheasta, de réir réigiúin an FSS, agus san earnáil neamhspleách.

Tábla 6(a): Glacadh Isteach Ainneonach de réir Réigiúin FSS 2007 (Daoine Fásta)

FSS THIAR	Foirm 6[a]	Foirm 13[a]	Iomlán
Seirbhísí Meabhairshláinte Shligeach/Liatroim/ Bhaile Uí Theimhneáin	47	23	70
Ospidéal Naomh Conaill Leitir Ceanainn	0	0	0
Aonad Géar-Shíciatrach Carnamuggagh Leitir Ceanainn	45	26	71
An tAonad Meabhair-Shláinte do Dhaoine Fásta Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo Caisleán an Bharraigh	75	11	86
Ospidéal Naomh Bríd Béal Átha na Sluaighe	40	12	52
An Roinn Síciatrachta Ospidéal an Chontae Ros Comáin	26	13	39
An tAonad Síciatrach Ospidéal Choláiste Ollscoile na Gaillimhe	59	21	80
Aonad 9A Páirc Mheirlinne Ospidéal Choláiste Ollscoile na Gaillimhe	0	0	0
Aonad Géar-Shíciatrach 5B Ospidéal Réigiúnach an Iarthair Láir Luimneach	55	18	73

Ospidéal Iosaf Luimneach	0	1	1
Aonad Géar-Shíciatrach Ospidéal Réigiúnach an Iarthair Láir Inis	37	13	50
Garrán an Úlloird/Orchard Grove Inis	0	0	0
An Coillín Caisleán an Bharraigh	0	0	0
Teach Aisling Caisleán an Bharraigh	1	1	2
IOMLÁN FSS AN IARTHAIR	385	139	524
FSS AN DEISCEART	Foirm 6	Foirm 13	Iomlán
Ospidéal Naomh Finan Cill Airne	5	0	5
Ospidéal Naomh Stiofáin Gleann Maghair Corcaigh	26	12	38
Aonad Glactha Isteach Meabhair-Shláinte Géar Ospidéal Ginearálta Chiarraí Trá Lí	74	12	86
Aonad Meabhair-Shláinte do Dhaoine Fásta na Laoi Theas, Ospidéal na hOllscoile Chorcaí	86	33	119
Aonad Mhíchíl Ospidéal na Trócaire Corcaigh	66	19	85
Ospidéal Naomh Fionnbarra Corcaigh	0	0	0
Ionad na Carraige Móire Corcaigh	13	7	20
Aonad Géar-Shíciatrach Ospidéal Ginearálta Bheanntraí	19	9	28
Ospidéal Naomh Dymphna Ceatharlach	0	0	0
Ospidéal Naomh Cainneach Cill Chainnigh	0	0	0
Ospidéal Naomh Lúcás Cluain Meala	6	2	8
Aonad Mhíchíl Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas Cluain Meala	66	25	91
Ospidéal Naomh Senan Inis Córthaidh	30	17	47
An Roinn Síciatrachta Ospidéal Naomh Lúcás Cill Chainnigh	20	11	31
An Roinn Síciatrachta Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge	46	17	63

Ospidéal Naomh Otteran Port Láirge	5	3	8
IOMLÁN FSS AN DEISCIRT	462	167	629

[a] Foirm 6 Ordú Glactha Isteach Ainneonach i gcomhair suas le 21 lá. Foirm 13, Deimhniú & Ordú Glactha Isteach chun Othar Deonach a Choinneáil (Duine Fásta)

Tábla 6(b): Glacadh Isteach Ainneonach de réir Réigiúin FSS & an Earnáil Neamhspleách 2007 (Daoine Fásta)

FSS BAILE ÁTHA CLIATH THOIR THEAS	Foirm 6 [a]	Foirm 13 [a]	Iomlán
An tAonad Géar-Shíciatrach Ospidéal Ginearálta an Chabháin	20	4	24
Ospidéal Naomh Damhnait Muineachán	12	1	13
An Roinn Síciatrachta Ospidéal Mhuire An Uaimh	32	18	50
Ospidéal Naomh Bríd Baile Átha Fhirdhia	44	19	63
Ospidéal Naomh Uinseann Fionnradharc	52	28	80
Seirbhísí Meabhair-Shláinte Ospidéal Naomh Íde Port Reachrann	40	18	58
Seirbhís Iósaf do Dhaoine faoi Mhíchumais Intleachta Ospidéal Naomh Íde Port Reachrann	0	0	0
An tAonad Géar-Shíciatrach, Barda Naomh Aloysius Ospidéal Mater Misericordiae Baile Átha Cliath	8	11	19
Ospidéal Naomh Breandán Baile Átha Cliath	20	7	27
Aonad an tSeiceamair Ospidéal Uí Chonghaile	4	0	4
An Roinn Síciatrachta Ospidéal Uí Chonghaile	38	6	44
IOMLÁN BAILE ÁTHA CLIATH THOIR THUAIDH	270	112	382
FSS BAILE ÁTHA CLIATH LÁR LAIGHEAN	Foirm 6	Foirm 13	Iomlán
Ospidéal Naomh Lómán Baile Phámar	0	1	1
Clinic Jonathan Swift	49	19	68
Aonad Géar-Shíciatrach AMNCH	56	33	89
Aonad Radharc an Locha Ospidéal Ginearálta an Náis	47	16	63
An Roinn Síciatrachta Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre Port Laoise	35	11	46

Ospidéal Naomh Lómán An Muileann gCearr	38	10	48
Ospidéal Naomh Fiontáin Port Laoise	3	1	4
Ospidéal an Chaisleáin Nua	20	8	28
Aonad Chnoc an Leamháin Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann	40	17	57
An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar	0	2	2
IOMLÁN FSS BAILE ÁTHA CLIATH LAIGHEAN LÁIR	288	118	406
AN EARNÁIL NEAMHSPLEÁCH	Foirm 6	Foirm 13	Iomlán
Ospidéal Naomh Eoin Dé Stigh Lorgan	66	38	104
Ospidéal Naomh Pádraig Baile Átha Cliath	32	48	80
Ospidéal Naomh Edmundsbury Baile Átha Cliath	0	0	0
Radharc Bhaile Phámar, Ospidéal Stewarts Baile Átha Cliath	0	1	1
Ospidéal Príobháideach an Ghoirt Mhóir	0	1	1
Ospidéal Príobháideach Hampstead	0	0	0
Sciathán Bloomfield Baile Átha Cliath	0	0	0
Clinic na Coille Móire An Baile Breac	0	0	0
IOMLÁN NA hEARNÁLA NEAMHSPLEÁCH	98	88	186

[a] Foirm 6 Ordú Glactha Isteach Ainneonach i gcomhair suas le 21 lá. Foirm 13, Deimhniú & Ordú Glactha Isteach chun Othar Deonach a Choinneáil (Duine Fásta)

Taispeánann Tábla 7 rátaí glactha isteach ainneonach iomlán don bhliain 2007 (Duine Fásta) de réir réigiúin FSS agus na hearnála neamhspleách, le rátaí in aghaidh gach 100,000 duine sa dhaonra iomlán. Ní féidir brath ar mhiondealú breise nuair atá roinnt ceantair ina bhfuil seirbhísí bunaithe á sainmhíniú mar gheall ar dheacrachtaí leis na teorainneacha.

Tábla 7: Rátaí Glactha Isteach Ainneonaigh Iomlána i gcomhair 2007 (Daoine Fásta) de réir réigiúin FSS & na hearnála neamhspleách

	Ráta Glactha Isteach Ainneonaigh Iomlán 2007 (Daoine Fásta)	Daonra [A]	Ráta Glactha Isteach Ainneonaigh in aghaidh gach 100,000 den daonra iomlán

FSS THIAR	524	1,012,413	51.76
FSS AN DEISCEART	629	1,081,968	58.13
FSS BAILE ÁTHA CLIATH THOIR THEAS	382	928,619	41.14
IOMLÁN FSS BAILE ÁTHA CLIATH LAIGHEAN LÁIR	406	1,216,848	33.36
AN EARNÁIL NEAMHSPLEÁCH	186	N/B	N/B
IOMLÁN (Gan an Earnáil neamhspleách san áireamh)	1,940	4,239,848	45.76
IOMLÁN (Leis an Earnáil neamhspleách san áireamh)	2,126	4,239,848	50.14

[A] Tógadh figiúirí faoin daonra ó dhaonáireamh na Príomh-Oifige Staidrimh 2006

Taispeánann anailís ar rátaí glactha isteach ainneonaigh na hÉireann in 2007, an chéad bhliain féilire inar cuireadh tús leis, go bhfuil rátaí glactha isteach ainneonaigh in aghaidh gach 100,000 den daonra iomlán chuid shuntasach níos lú ná mar a bhí i mblianta roimhe seo. Is é an ráta náisiúnta do 2007 ná 50.14 in aghaidh gach 100,000 den daonra iomlán, lena n-áirítear daoine a glacadh isteach in ionaid formheasta san earnáil neamhspleách. Is ag FSS an Deiscirt atá na rátaí is airde de 58.13 in aghaidh gach 100,000 den daonra iomlán agus tá an ráta is ísle ag FSS Baile Átha Cliath Laighean Láir ag 33.36 in aghaidh gach 100,000 den daonra iomlán.

Nuair atá gníomhaíochtaí glactha isteach ainneonaigh á chur i gcomparáid lena chéile tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir le nósanna imeachta bailiúcháin sonraí a bheith difriúil óna chéile. Rinne Daly, et al (Bord Taighde Sláinte 2007) ráta glactha isteach ainneonaigh de 51.2 in aghaidh gach 100,000 den daonra d'Éirinn don bhliain 2006 a thuairisciú. Ní raibh sonraí faoi Orduithe Glactha Isteach chun Othair Deonacha a Choinneáil san áireamh sa mhodh bailiúcháin sonraí a bhí in úsáid acu áfach. Rinne an Coimisiún Meabhair-Shláinte (2006) ráta glactha isteach ainneonaigh de 75.6 in aghaidh gach 100,000 den daonra don bhliain 2005 a thuairisciú. Bhí sonraí faoi Orduithe Glactha Isteach chun Othair Deonacha a Choinneáil san áireamh sa mhodh bailiúcháin sonraí a bhí in úsáid acu siúd.

AOIS AGUS INSCNE

Cuireadh anailís ar aois agus inscne i gcrích ar na figiúirí do ghlacadh isteach ainneonach in 2007. Tugann Táblaí 8 agus 9 achoimre ar na torthaí seo.

Tábla 8: Anailís de réir Aoise – Glacadh Isteach Ainneonach 2007 (Daoine Fásta)

AOIS	FOIRM 6	FOIRM 13	IOMLÁN	%
18 – 64	1251	551	1802	85%
65 agus níos sine	252	72	324	15%

Iomlán	1503	623	2126	100%

Tábla 9: Anailís de réir Inscne – Glacadh Isteach Ainneonach 2007 (Daoine Fásta)

INSCNE	FOIRM 6	FOIRM 13	IOMLÁN	%
FIREANN	831	330	1161	55%
BAINEANN	672	293	965	45%
IOMLÁN	1503	623	2126	100%

AN CINEÁL IARRTHÓRA

Rinneadh anailís ar na catagóirí daoine a rinneadh iarratas go nglacfaí duine isteach go hainneonach faoi alt 9 den Acht sa tréimhse 2007. Tugann Tábla 10 achoimre ar an anailís seo.

Tábla 10: Anailís ar an Iarrthóir: Glacadh Isteach Deonach 2007 (Daoine Fásta)

Uimhir na Foirme	Cineál	Líon	%
1	Céile/Duine gaolta	1,034	69%
2	Oifigeach Údaraithe	102	7%
3	Garda Síochána	235	16%
4	Duine ar bith Eile	132	9%
	IOMLÁN	1,503	100%

Rinneadh anailís ar líon gach cineáil iarrthóra de réir réigiúin an FSS agus na hEarnála Príobháidí. Tugann Tábla 11 thíos achoimre ar an anailís seo.

Taispeánann Tábla 11 go raibh an líon is lú iarratas ar ghlacadh isteach ainneonach ó Oifigigh Údaraithe (N = 20) agus ag baill de na Gardaí Síochána (N = =47) ag FSS Baile Átha Cliath Laighean Láir.

Tábla 11: Anailís ar Iarrthóirí do Ghlacadh Isteach Ainneonach de réir Réigiúin FSS & an Earnáil Neamhspleách 2007 (Daoine Fásta)

	FSS THIAR	FSS AN DEISCEART	FSS BAILE ÁTHA CLIATH THOIR THEAS	FSS BAILE ÁTHA CLIATH LÁR LAIGHEAN	AN EARNÁIL NEAMHSPLEÁCH
Céile/Duine gaolta	272 (70%)	318 (69%)	178 (66%)	188 (65%)	78 (80%)
Oifigeach Údaraithe	27 (7%)	26 (5%)	26 (10%)	20 (7%)	3 (3%)
Garda Síochána	60 (16%)	67 (15%)	49 (18%)	47 (16%)	12 (12%)
Duine ar bith Eile	26 (7%)	51 (11%)	17 (6%)	33 (11%)	5 (5%)
Iomlán	385 (100%)	462 (100%)	270 (100%)	288 (100%)	98 (100%)

Rinneadh anailís bhreise ar an gcatagóir iarrthóra "Duine ar Bith Eile" (Foirm 4) agus tugtar achoimre uirthi seo i dTábla 13 thíos.

Tábla 12: Anailís ar Iarrthóir Duine ar Bith Eile (Foirm 4)

	Líon	%
Foireann Sláinte/Cúraim	45	34%
Foireann Príosúin	10	8%
Garda	3	2%
Cara	12	9%
Páirtí	2	1%
Gnó/gairmiúil	6	5%
Duine gaolta	6	5%
Ní shonraítear	47	36%
Iomlán	131	100%

Tugann anailís ar iarrthóirí agus comparáidí idir réigiúin le fios go bhfuil cuma íseal ar líon na n-iarratas ó oifigigh údaraithe FSS (n = 102 : 7% den iomlán) áit a bhfuil níos mó ná dhá oiread an fhigiúir sin ó bhaill de na Gardaí Síochána (n = 235 : 16% den iomlán). Tá difríochtaí ann idir réigiúin maidir le líon na n-iarratas ó na Gardaí, ó 47 go 67. Thaispeáin taighde ar iarrthóirí, a rinne an Coimisiún agus an Bord Taighde Sláinte ar Bhealaí chuig Glacadh Isteach Ainneonach

(CMS / BTS 2004) in 2002 go raibh 76% déanta ag duine gaolta, 7% ag oifigeach an bhoird sláinte, 9% ag baill de na Gardaí, agus 5% ag daoine eile. Léiríonn na figiúirí do 2007 athrú sa chleachtas; tá laghdú tagtha ar an líon foriomlán a glacadh isteach go hainneonach, maille le laghdú i gcéatadán na n-iarratas ó Chéile/Gaolta, agus é sin tógtha suas den chuid is mó ag méaduithe i gcéatadán na n-iarratas ó bhaill de na Gardaí.

ATHGHLACADH ISTEACH 2007

Thaispeáin anailís ar ghlacadh isteach ainneonach don bhliain 2007 go raibh 245 duine ar raibh níos mó ná eipeasóid amháin de ghlacadh isteach ainneonach acu le linn na tréimhse. Bhí 3 ghlacadh isteach ainneonach ag 34 duine acu sin, agus 4 nó níos mó ag cúigear acu. Tá achoimre le fáil i dTábla 11.

Tábla 13: Eipeasóidí[a] Glactha Isteach Ainneonach/Athghlacadh Isteach Ainneonach 2007 (Daoine Fásta)

	Eipeasóid amháin	Dhá eipeasóid	Trí eipeasóid	Ceithre eipeasóid nó níos mó
Líon na nOthar	1,581	206	34	5

[a] Níl eipeasóidí idirthréimhseacha san áireamh

FAD NA TRÉIMHSE DE GHLACADH ISTEACH AINNEONACH

Rinneadh anailís ar cé chomh fada is a mhair gach eipeasóid de ghlacadh isteach ainneonach. Is é a bhí i gceist anseo ná anailís ar fad gach eipeasóide (líon na laethanta) a thosaigh in 2007. Tugann Tábla 14 achoimre ar an anailís seo.

Tábla 14: Fad na heipeasóide de Ghlacadh Isteach Ainneonach (Daoine Fásta)

FAD NA hEIPEASÓIDE			Líon	%	% carnach
Tréimhse 21 lá	1 go 5	lá	114	5.36%	5.36%
	6 go 10	lá	260	12.23%	17.59%
	11 go 16	lá	416	19.57%	37.16%
	17 go 21	lá	343	16.13%	53.29%
21 lá go 3 mhí	22 go 28	lá	70	3.29%	56.59%
	29 go 84	lá	557	26.20%	82.78%
3 go 6 mhí	85 go 168	lá	213	10.02%	92.80%
6 go 12 mhí	169 go 365	lá	133	6.26%	99.06%
Os cionn 12 mhí	366 go 395	lá	20	0.94%	100.00%
	Iomlán		2,126	100%	

Rinneadh eipeasóidí nach raibh críochnaithe ag deireadh na bliana a ríomh ag uair an tuairiscithe, .i. 12/02/2008.

Thaispeáin anailís ar fad na tréimhse de ghlacadh isteach ainneonach gur mhair 53% de na heipeasóidí seo in 2007 níos lú ná 21 lá, agus nár mhair ach 1% os cionn bliana. Tá an toradh seo cosúil le taighde a rinne an Coimisiún agus an Bord Taighde Sláinte ar Bhealaí chuig Glacadh Isteach Ainneonach (CMS / BTS 2004) agus le staitisticí atá sa Pháipéar Bán um Mheabhair-Shláinte (Roinn Sláinte & Leanaí 1995).

DIAGNÓIS

Nuair a thagann an eipeasóid de ghlacadh isteach ainneonach chun críche iarrtar ar an síciatraí sainchomhairleach freagrach sonraí a sholáthar don Choimisiún maidir le diagnóis an othair ag baint úsáid as grúpaí diagnóiseacha ICD-10 ar Fhoirm reachtúil 14, *Ordú Glactha Isteach Ainneonach nó Athnuachana a Aisghairm.* An aon am ar bith beidh othair ann i gcónaí atá faoi réir ag orduithe glactha isteach ainneonaigh, agus déantar tagairt do na heipeasóidí seo mar eipeasóidí nach bhfuil críochnaithe. Tuairiscíodh nach raibh 211 eipeasóid críochnaithe códaithe agus bhí 294 den 2,126 eipeasóidí a thosaigh in 2007 gan a bheith críochnaithe ag uair an tuairiscithe. Tá sonraí ar na diagnóisí a tuairiscíodh chuig an gCoimisiún i dTábla 15.

Tábla 15: Grúpa Diagnóiseach ICD 10 Códaithe ag Dúnadh na hEipeasóide (Daoine Fásta)

Grúpaí diagnóiseacha ICD-10	Cód ICD-10	Foirm 6	Foirm 13	Líon Iomlán na nEipeasóidí
1. Neamhoird Orgánacha	F00-F09	84	18	102
2. Neamhoird Alcólacha	F10	26	13	39
3. Neamhoird Drugaí Eile	F11-F19, F55	31	12	43
4. Neamhoird Scitsifréine, Schizotypal agus Siabhráin	F20-F29	585	215	800
5. Neamhoird Dúlagair	F31.3, F31.4, F31.5, F32, F33, F34.1, F34.8, F34.9	84	74	158
6. Máine	F30, F31.0, F31.1, F31.2, F31.6, F31.7, F31.8, F31.9, F34.0	313	124	437
7. Néaróisí	F40-F48	22	9	31
8. Neamhoird Itheacháin	F50	4	2	6
9. Neamhoird Pearsantachta agus Iompair	F60-F69	9	7	16
10. Míchumas Intleachta	F70-F79	6	3	9
11. Neamhoird Forbartha	F80-F89	0	0	0
12. Neamhoird Iompair agus Mothúchánacha Leanbhaoise	F90-F98	Féach codanna maidir le leanaí n/b		

13. Diagnóis Eile	F38, F39, F51-F54, F59, F99	7	3	10
14. Neamh-thaifeadta		332	143	475
IOMLÁN		1,503	623	2,126

Ba é an grúpa diagnóiseach leis na rátaí glactha isteach ainneonaigh is airde ná an grúpa *"Neamhoird Scitsifréine, Schizotypal agus Siabhráin"* agus an grúpa *"Máine"* ina dhiaidh sin. Tá sé seo cosúil le torthaí Daly et al don Bord Taighde Sláinte (2006). Tá roinnt eipeasóidí glactha isteach ainneonaigh códaithe mar *Neamhoird Alcólacha, Neamhoird Drugaí Eile, agus Neamhoird Pearsantachta & Iompair*. Sonraíonn an Acht 2001 ag fo-alt 8(2) nach fhorléireofar aon ní i bhfo-alt 8(1) mar ní lena n-údaraítear duine a ghlacadh isteach in ionad formheasta ar bhonn ainneonach de bhíthin amháin (a) go bhfuil neamhord pearsantachta ar an duine, (b) gur duine claonaíoch é nó í go sóisialta, nó (c) go bhfuil sé nó sí ina andúileach i ndrugaí nó i meiscigh. Tá daoine a ghlactar isteach go hainneonach códaithe de réir grúpa diagnóiseach ag dúnadh na heipeasóide agus is féidir leis seo a bheith difriúil ó dhiagnóis an othair nuair a ghlactar isteach é/í.

DAOINE A AISTRIÚ CHUIG IONAID FORMHEASTA

Tá foráil in Alt 13(2) gur féidir le Stiúrthóir Cliniciúil in ionad formheasta socruithe a dhéanamh go n-aistreoidh baill foirne an ionaid formheasta duine chuig an ionad formheasta sin, áit nach bhfuil an iarrthóir in ann é sin a dhéanamh. Tugtar an nós imeachta um Iontrálacha Cuidithe ar an nós imeachta seo agus tháinig ceist maidir leis an nós imeachta chun cinn sa chás *RL*[5] . Sa chás seo líomhnaigh foireann dhlíthiúil an othair gur aistríodh an t-othar óna háit cónaithe de shárú ar alt 13(2) den Acht 2001, mar gheall gur chonraitheoir neamhspleách a thug faoi seachas ball foirne. Tá sé sonraithe ag comhairleoirí dlíthiúla an FSS nach bhfreastalaíonn baill foirne nuair atá daoine á aistriú chuig ionaid formheasta faoin alt seo i gcásanna áirithe ar fháthanna caidrimh tionsclaíoch. Sa Chúirt Uachtarach, agus an Breitheamh Hardiman ag diúltú don achomharc agus ag seasamh leis go raibh sé dlíthiúil an t-othar a choinneáil, shonraigh sé go raibh ar éadan, sárú ar alt 13(2) ann. Dúirt sé gurbh ábhar iontais é go raibh na focail *"baill foirne"* san áireamh san alt ábhartha mar gheall gur féidir an riachtanas chun daoine a aistriú teacht aníos go tobann. Shonraigh an Breitheamh Hardiman go sainiúil gur chóir dóibh siúd a bhí freagrach as an reachtaíocht dul i mbun comhairliúcháin leo siúd a chuireann an reachtaíocht i bhfeidhm chun córas a bhaint amach ina bhfuil na riachtanais reachtúla réalaíoch.

Bhunaigh an Coimisiún coiste i mí na Samhna 2007 chun scrúdú a dhéanamh ar na ceisteanna a bhaineann le halt 13(2) a chur i bhfeidhm agus scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi gur féidir seirbhísí d'othair agus dá gcúramóirí a fheabhsú i gcásanna mar sin.

AISTRIÚ Ó IONAD FORMHEASTA AMHÁIN GO CEANN EILE

Tá foráil san Acht 2001 más rud é, maidir le hothar nó maidir leis an duine a rinne iarratas ar mholadh ar faoi a choinnítear othar in ionad formheasta, go ndéanfaidh sé nó sí iarratas chuig stiúrthóir cliniciúil an ionaid chun an t-othar a aistriú chuig ionad formheasta eile, féadfaidh an stiúrthóir cliniciúil, más cuí leis nó léi, socrú a dhéanamh go n-aistreofar an t-othar chuig an ionad, ach sin le toiliú ó stiúrthóir cliniciúil an dara ionad formheasta a luaitear. Is féidir le haistruithe mar sin tarlú freisin i gcás ina bhfuil stiúrthóir cliniciúil ionaid formheasta den tuairim go mbeadh sé chun sochair d'othar atá á choinneáil san ionad sin, nó gur gá chun cóireáil speisialta a fháil don othar sin, é nó í a aistriú chuig ionad formheasta eile (seachas an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar). I gcás ina n-aistreofar othar chuig ionad formheasta eile, déanfaidh stiúrthóir cliniciúil an ionaid as ar aistríodh é nó í, a luaithe is féidir, fógra maidir leis an aistriú a thabhairt i scríbhinn don Choimisiún. Sa tréimhse ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 31 Nollaig 2007 fuair an Coimisiún 311 fógra aistrithe. Fuarthas 9 gcinn breise maidir le haistruithe chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar.

Faoin Acht 2001 caithfidh an stiúrthóir cliniciúil san ionad formheasta ina bhfuil an t-othar á choinneáil moladh a

---

[5] Cinneadh neamhthuairiscithe den Bhreitheamh Feeney dár dáta 17.01.08 agus cinneadh neamhthuairiscithe na Cúirte Uachtaraí den Bhreitheamh Hardiman dár dáta 15.02.08

dhéanamh go n-aistreofaí an t-othar chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar. Téann an moladh roimh binse mheabhair-shláinte atá in ann an t-aistriú a cheadú nó an dhiúltú agus is féidir leis an othar achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh an bhinse. Tá roinnt aistrithe faoi réir ag cásanna Airteagail 40.4; An Breitheamh McMenamin i *JB(2)*[6], an Breitheamh Sheehan i *NB*[7] agus an Breitheamh Peart i MM[8]. Bhain an t-ábhar conspóidte den chuid is mó le cé hé an síciatraí sainchomhairleach freagrach, ag tógáil fo-alt 21(4) san áireamh a shonraíonn *"measfar, chun críocha an Achta seo, gurb ionann othar a choinneáil in ionad ceadaithe eile faoin alt seo agus é nó í a choinneáil san ionad as ar aistríodh é nó í."* Mhol na gcúirteanna go mb'fhéidir go bhfuil gá ann athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfo-alt sin.

AISGHAIRM AG AN SÍCIATRAÍ SAINCHOMHAIRLEACH FREAGRACH

Tugann Alt 28 rogha don síciatraí sainchomhairleach atá freagrach as an othar ordú a aisghairm más rud é go mbíonn siad den tuairim nach bhfuil an t-othar ag fulaingt de bharr neamhord meabhrach mar a shainmhínítear san Acht é a thuilleadh. Nuair a dhéanann an síciatraí sainchomhairleach freagrach othar a urscaoileadh faoi alt 28 caithfidh siad fógra den mhéid sin a thabhairt don othar atá i gceist nó dá (h)ionadaí dlíthiúil, foirm reachtúil uimhir 14, *Ordú Glactha Isteach Ainneonaigh nó Athnuachana a Aisghairm*. Taispeánann anailís ar na horduithe a ndearna an síciatraí sainchomhairleach freagrach aisghairm orthu faoi fhorálacha an ailt 28 go ndearnadh sin i 1,444 cás in 2007. Is féidir leis an othar an t-ionad a fhágáil ag an gcéim seo nó fanacht chun cóir leighis a fháil ar bhonn deonach. Thaispeáin anailís ar fad na tréimhse de ghlacadh isteach ainneonach gur mhair 53% de na heipeasóidí de ghlacadh isteach ainneonach in 2007 níos lú ná 21 lá, agus nár mhair ach 1% os cionn bliana (Tábla 14). Léiríonn sé seo an cás ina bhfeabhsaíonn riocht na n-othar in imeacht ama agus riachtanas an Achta nach gcoinneofar an t-othar de bhun ordaithe maidir le ghlacadh isteach nó ordaithe athnuachana ach amháin a fhad is gá le réasún chun cúram cuí agus cóireáil chuí a chur air nó uirthi (a28(2)(b)).

ATHBHREITHNIÚ NEAMHSPLEÁCH AG BINSE MEABHAIR-SHLÁINTE

Déanann an tAcht Meabhair-Shláinte 2001 foráil do cheart an othair ar athbhreithniú neamhspleách uathoibríoch ar ghlacadh isteach ainneonach. Laistigh de 21 lá ó ordú glactha isteach (nó athnuachana), déanann binse meabhair-shláinte de thriúr, atá comhdhéanta de dhlíodóir mar chathaoirleach, síciatraí sainchomhairleach agus ball tuata chun athbhreithniú ar an ordú glactha isteach (nó athnuachana). Sula ndéantar an t-athbhreithniú neamhspleách, ceapann an Coimisiún Meabhair-Shláinte ionadaí dlíthiúil le haghaidh gach duine a ghlactar isteach go hainneonach (ach amháin má tá sé beartaithe aige/aici ionadaí a fhostú) agus cuirfidh síciatraí comhairleach a cheapfaidh an Coimisiún scrúdú leighis neamhspleách i gcrích. Eagraíodh an chéad bhinse meabhair-shláinte ar an 16 Samhain, 2006. Bhí 2,248 éisteacht ann in 2007.

SCRÚDUITHE LEIGHIS NEAMHSPLEÁCHA A17

Mar gheall go gcaithfidh binse meabhair-shláinte athbhreithniú a dhéanamh ar ordú glactha isteach nó athnuachana taobh istigh de 21 lá ón dáta a dhéantar an t-ordú a shíniú, caithfidh an Coimisiún síciatraí sainchomhairleach a shannadh chun scrúdú leighis neamhspleách a dhéanamh chomh luath agus is féidir tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas faoin ordú. Chomh maith leis sin, faoi réir ag alt 21 den Acht, caithfidh binse athbhreithniú a dhéanamh ar na moltaí ar fad chun othar a aistriú chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar laistigh de 14 lá.

In 2007, rinne an Coimisiún 3,353 scrúdú leighis neamhspleách a shannadh chuig síciatraithe sainchomhairleacha le cur i gcrích i gcomhréir le halt 17 den Acht. Tugann Tábla 16 sonraí breise faoin gcineál ordaithe faoina raibh na tuarascálacha ag teastáil dóibh.

---

6 Cinneadh neamhthuairiscithe den Bhreitheamh McMenamin dár dáta 15.06.07

7 Cinneadh ex tempore den Bhreitheamh Sheehan dár dáta 05.11.07

8 Cinneadh neamhthuairiscithe den Bhreitheamh Peart dár dáta 01.02.08

Tábla 16: An Cineál Ordaithe Faoina Sannaíodh Tuarascálacha Ailt 17 2007 (Daoine Fásta)

Cineál Ordaithe	Líon na dTuarascálacha a Sannaíodh
Ordú Glactha Isteach Ainneonaigh Foirm 6	1,398
Ordú Glactha Isteach Ainneonaigh Foirm 13	612
Ordú Athnuachana 3 mhí	1,030
Ordú Athnuachana 6 mhí	234
Ordú Athnuachana 12 mhí	52
Moladh i gComhair Aistrithe chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar	26
IOMLÁN	3,352

AISGHAIRM AG AN ÉISTEACHT

Rinneadh anailís ar líon na n-orduithe a ndearnadh aisghairm orthu ag binse meabhair-shláinte. Taispeánann Léaráid 3 líon na n-éisteachtaí ar bhonn mí in aghaidh míosa do 2007 agus líon na n-orduithe a ndearnadh aisghairm orthu (%) i ngach mí. Is féidir a fheiceáil go raibh céatadán níos airde d'orduithe a ndearnadh aisghairm orthu sa chéad sé mhí de 2007 agus gur tháinig laghdú ar an gcéatadán sa chuid eile den bhliain. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil nasc idir an t-ardú tosaigh agus roinnt de na cásanna idirthréimhseacha agus cinntí i roinnt de na dúshláin Ard-Chúirte luatha a rinne gnéithe maidir le nósanna imeachta den phróiseas glactha isteach ainneonach a shoiléiriú.

Léaráid 3: Líon na nÉisteachtaí & % na nOrduithe a nDearnadh Aisghairm Orthu ag Éisteacht 2007

Tá anailís déanta ar chinntí chun ordú a aisghairm ag an mbinse meabhair-shláinte de réir an athbhreithnithe comhaid

aonair agus taispeánann sé seo gur féidir na cinntí a ghrúpáil sna catagóirí seo a leanas a thaispeántar i dTábla 17.

Tábla 17: Anailís ar Chinneadh chun Ordú a Aisghairm ag an mBinse Meabhair-Shláinte 2007

Fáth	%
Othar gan a bheith ag fulaingt de bharr neamhoird meabhrach ag uair na héisteachta	60%
Níor cloíodh le forálacha an Achta	39%
Eile, .i. Othair ar iarraidh	1%
Iomlán	100%

LÁ ÉISTEACHTA AN BHINSE MEABHAIR-SHLÁINTE

Cuireann an tAcht 2001 iachall ar an mbinse meabhair-shláinte athbhreithniú a dhéanamh ar othar atá á choinneáil 21 lá tar éis an t-ordú a dhéanamh ar a dhéanaí. Bíonn sé mar aidhm ag an gCoimisiún éisteacht an bhinse meabhair-shláinte a shocrú chomh luath agus is féidir tar éis di an fógra a bheith faighte aici. Sula féidir le héisteacht tarlú, caithfidh an Coimisiún ionadaí dlíthiúil a cheapadh don othar faoin scéim um chúnamh dlíthiúil atá saor in aisce don othar, ach amháin má tá sé beartaithe ag an othar a (h)ionadaí féin a fhostú. Buaileann an t-ionadaí dlíthiúil leis an othar chun an cás a ullmhú. Caithfidh an Coimisiún síciatraí sainchomhairleach a cheapadh freisin chun scrúdú leighis neamhspleách a dhéanamh agus tuarascáil a ullmhú don bhinse laistigh de 14 lá. Cuirtear an t-othar agus an t-ionad formheasta ar an eolas faoin éisteacht agus scaiptear páipéir don triúr baill den bhinse meabhair-shláinte roimh ré. Rinne an Coimisiún monatóireacht ar éisteachtaí d'orduithe glactha isteach ainneonaigh chun fáil amach cén uair laistigh den tréimhse 21 lá den ordú a raibh an binse meabhair-shláinte ann. Mar shampla i mí an Mhárta 2007 bhí 41% de na héisteachtaí seo ag tarlú ag nó roimh lá 18 den ordú. Mhéadaigh sé seo go 46% do mhí Mheán Fómhair 2007 agus go 66% do mhí na Nollag 2007.

ALT 28 OTHAIR A URSCAOILEADH

Tá foráil san Acht, nuair a dhéantar othar a scaoileadh faoi alt 28 agus nár tharla athbhreithniú ag binse meabhair-shláinte faoi *alt 18* fós, gur féidir leis an othar iarratas a dhéanamh ar cheann trí fógra i scríbhinn a chur isteach laistigh de 14 lá ón uair go ndéantar é nó í a scaoileadh. Bhí 16 iarratas d'athbhreithnithe mar sin ann sa bhliain 2007.

CÁSANNA A TUGADH ROIMH NA CÚIRTEANNA

Tá meicníocht achomhairc ag an Acht 2001 maidir le cinneadh binse meabhair-shláinte agus leagtar amach é seo in Alt 19 den Acht. Sonraíonn Alt 19(1) gur féidir le hothar achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Cuarda i gcoinne cinneadh binse chun ordú a dhéantar ina leith a dhearbhascadh ar fhoras nach bhfuil sé nó sí ag fulaingt de bharr neamhord meabhrach. Bhí 39 cás achomhairc sa Chúirt Cuarda comhdaithe sa tréimhse ó cuireadh tús leo go 31 Nollaig 2007. Tá roinnt de na cásanna seo tarraingte siar mar gheall go ndearna an síciatraí sainchomhairleach freagrach aisghairm ar orduithe, othair gan a bheith ag iarraidh dul ar aghaidh nó imeachtaí faoi Airteagal 40.4. Níor cuireadh ordú ar ceal mar thoradh ar cheann ar bith de na hachomhairc seo.

Chomh maith leis sin nuair a chreideann duine go bhfuil siad á choinneáil go neamhdhleathach is féidir leo, nó le duine eile ar a son, an ceart a bheith acu dul ar iontaoibh eascaire an dlí comónta de *Habeas Corpus* a leagtar amach in Airteagal 40.4 den Bhunreacht. Is meicníocht bhunreachtúil ann féin é Airteagal 40.4 den Bhunreacht chun scrúdú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht duine a choinneáil agus tugann sé cumhacht don Ard-Chúirt scrúdú a dhéanamh an bhfuil duine á choinneáil de réir an dlí. Ón tús go dtí an 31 Nollaig 2007 bhí 34 cás Airteagail 40.4 ann ina raibh an Coimisiún agus/nó na binsí meabhair-shláinte páirteach iontu. Rinneadh achomharc ar cheann acu seo, MD v Ospidéal Naomh Breandán, CMS, BMS (Freagróirí), chuig an Ard-Chúirt. Seasadh le cinneadh na hArd-Chúirte, áit a bhfuarthas go raibh an t-othar á choinneáil go dlíthiúil.

Seoladh 3 chás Athbreithnithe Bhreithiúnaigh in 2007, péire maidir le hachomhairc faoi alt 19 agus ceann amháin maidir le haistriú chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar. Bhí breithiúnas forchoimeádta mar thoradh ar cheann amháin acu a bhfuiltear ag feitheamh leis, scriosadh ceann acu amach mar gheall go ndeachthas i ngleic leis an aistriú agus tá ceann eile ag fanacht ar dháta don éisteacht.

OILIÚINT AGUS FORBAIRT

Is é tuairim an Choimisiúin fós ná go bhfuil infheistíocht shuntasach in oiliúint ionduchtaithe agus athnuachana ríthábhachtach do bhaill den phainéal meabhair-shláinte chun caighdeán an chórais athbhreithnithe a chinntiú. Ceapadh baill breise chuig na painéil meabhair-shláinte i gcaitheamh na bliana 2007, agus tá oiliúint curtha ar 390 duine do na painéil meabhair-shláinte anois. Eagraíodh seisiúin athnuachana ar leith do chathaoirligh agus ionadaithe dlíthiúla na mbinsí meabhair-shláinte freisin chun dul i ngleic le ceisteanna dlíthiúla a d'eascair as breithiúnais cúirte in 2007 a bhain leis an Acht 2001. Rinneadh na heagraíochtaí leighis agus dlíthiúla cuí na cláir oiliúna a chreidiúnú le bheith incháilithe do stádas forbartha gairmiúil faoina gcuid rialacháin.

I mí na Samhna 2007, eagraíodh dhá sheisiún oiliúna le soláthróirí seirbhíse chun na hathruithe a bhí ag teastáil do roinnt foirmeacha reachtúla agus an foirm fógra d'othar mar thoradh ar chásdlí a mhíniú. Bhí an oiliúint dírithe ar Riarthóirí an Achta Meabhair-Shláinte ó na hionaid formheasta. Tá ról ríthábhachtach ag Riarthóirí an Achta Meabhair-Shláinte maidir leis na foirmeacha cuí a eagrú do chliniceoirí, tarchur na bhfoirmeacha chuig an gCoimisiún laistigh de na scálaí ama reachtúla a riaradh, ionaid agus doiciméid a sheiceáil do bhinsí meabhair-shláinte i gcomhair le foireann an Choimisiúin. D'fhreastal seachtó duine air. Fuair cléirigh na mbinsí meabhair-shláinte a cheap an Coimisiún Meabhair-Shláinte oiliúint athnuachana freisin in 2007 le béim ar leith ar na foirmeacha reachtúla leasaithe.

I mí na Nollag 2007 chuir an Coimisiún tús le hanailís ar riachtanais oiliúna de na baill ar fad den phainéal, le suirbhé aonair, le bheith mar foinse eolais don straitéis oiliúna 2008 – 2011. Tá sé beartaithe an straitéis oiliúna a fhorbairt chun cur chuige acadúil agus cur chuige cleachtach a chur le chéile laistigh de chreat ilghairmiúil atá bunaithe ar úsáid na gcleachtas is fearr.

Bhí soláthar faisnéise san áireamh sa chlár oiliúna agus forbartha in 2007 freisin trí Cheisteanna Coitianta (CC) a nuashonrú ar shuíomh idirlín an Choimisiúin Meabhair-Shláinte agus breithiúnais cúirte a scaipeadh chuig na baill ar fad de phainéal an bhinse meabhair-shláinte agus chuig an bpainéal d'ionadaithe dlíthiúla.

Tosaíocht Straitéiseach Uimhir a Trí:

Faisnéis, eolas agus taighde ar sheirbhísí meabhair-shláinte agus idirghabhálacha maidir le cóir leighis a chur chun cinn agus a fheabhsú.

RÉAMHRÁ

Leag Straitéis Taighde an Choimisiúin Meabhair-Shláinte a foilsíodh i mí an Mhárta 2005 amach na gníomhartha a thógfadh an Coimisiún Meabhair-Shláinte chun taighde meabhair-shláinte, go háirithe taighde seirbhísí, a chur chun cinn in Éirinn. Tá ceithre réimse leathan gníomhartha i gceist sa Straitéis Taighde - cumas taighde meabhair-shláinte a dhéanamh a fheabhsú, córais a fhorbairt chun eolas a thaifid agus a scaipeadh sna seirbhísí meabhair-shláinte, naisc a chruthú agus dul i mbun comhoibrithe maidir le caighdeáin taighde sa mheabhair-shláinte agus an clár oibre meabhair-shláinte a shocrú.

SCOLAIREACHTAÍ TAIGHDGE NA SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE

Rinne an Coimisiún Meabhair-Shláinte scoláireachtaí taighde na seirbhísí meabhair-shláinte a fhógairt i mí Iúil 2007. Is iad na réimsí tosaíochta a d'aithin Coiste Taighde an Choimisiúin Meabhair-Shláinte ná:

- Rannpháirtíocht úsáideoir na seirbhíse sna seirbhísí meabhair-shláinte;
- Nuálaíocht maidir le seirbhísí meabhair-shláinte a chur ar fáil - an chaoi go ndearnadh forbairt orthu seo agus a cuireadh i bhfeidhm iad;

- Meabhair-shláinte sa chúram príomhúil;
- Obair foirne ildhisciplíneach;
- Athshlánú agus téarnamh;
- Cuimsiú sóisialta agus meabhair-shláinte
- Córais Faisnéise Meabhair-Shláinte
- Beartas agus cleachtas bunaithe ar fhianaise

Fuarthas fiche haon togra roimh an spriocdháta i mí Mheán Fómhair 2007. Tar éis d'fhochoiste iniúchadh a dhéanamh ar na tograí seo roghnaíodh togra amháin le maoiniú faoin scéim scoláireachta taighde na seirbhísí meabhair-shláinte 2007. Sin

- Tástáil chliniciúil ar fhostaíocht chuidithe (FC) agus an Modúl Buneolais maidir leis Láthair Oibre (MBLO) do dhaoine a bhfuil neamhoird i réimse na scitsifréine orthu

Bhí staidéar taighde eile ar shamhail soláthair seirbhíse tiomáinte ag ardchaighdeán agus an féidir leis seo feabhsúchán leanúnach san éifeacht agus éifeachtúlacht a chinntiú á mheas ag an gcoiste taighde ag deireadh na bliana.

Déantar tionscadail taighde a mhaoiniú thar tréimhse trí bhliana.

Faoi láthair tá an Coimisiún Meabhair-Shláinte ag maoiniú trí thionscadal taighde eile.

- An Dr. Siobhán Ní Bhriain: *Riachtanais a thomhais sa FSS-SWA: Tomhais ar Riachtanais agus Comhghaolúchán le hIdirghabháil i Seirbhísí atá Bunaithe sa Bhaile agus sa Phobal i Síciatracht Ghinearálta Daoine Fásta agus Síciatracht an tSaoil Níos Déanaí*
- An tOllamh Stiofán de Búrca: *Foirne Meabhair-Shláinte Pobail do Dhaoine Fásta: Cinntithigh Éifeachtúlachta*
- An Dr. Ena Lavelle: *Seirbhísí Athshlánaithe agus Téarnaimh in Éirinn: staidéar ilionaid chun fiosrú a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse reatha, tréithe úsáideoirí na seirbhíse agus torthaí tar éis 18 míosa dóibh siúd le agus gan rochtain ar na seirbhísí seo*

STAIDÉIR TAIGHDE ARNA CHOIMISIÚNÚ AG AN gCOIMISIÚN MEABHAIR-SHLÁINTE

Tharla athruithe suntasach i bpróifíl an tsoláthair seirbhíse meabhair-shláinte in Éirinn le 25 bliana anuas. Tá fás mór tagtha ar líon agus comhdhéantús na n-áras cónaithe pobail. Bhí tionchar láithreach aige seo chun líon na n-othar fadchónaithe san ospidéal a laghdú mar a moladh in Ag Pleanáil don Todhchaí (1994). In 1984, bhí 121 áras cónaithe pobail, le naoi gcéad (900) áit ann. Fiche bliain níos déanaí in 2004, bhí os cionn trí mhíle duine ina gcónaí in árais cónaithe pobail (3,065). Tá árais cónaithe pobail, mar sin, ina chuid thábhachtach de sholáthar seirbhísí meabhair-shláinte in Éirinn anois, ag múnlú an tsaoil d'os cionn trí mhíle (3,000) duine agus ag baint úsáid as acmhainní suntasacha pearsanra agus airgeadais.

Bhraith an Coimisiún Meabhair-Shláinte go raibh sé tráthúil athbhreithniú agus luacháil a dhéanamh ar ról na n-áras cónaithe in Éirinn agus tuairisciú faoin gcaoi go rabhthas ag dul i ngleic le riachtanais na ndaoine atá ina gcónaí iontu agus an raibh na hárais cónaithe pobail ag comhlíonadh a sainchúraim bunaidh d'fheidhm theiripeach athshlánúcháin a sholáthar. Thug an Bord Taighde Sláinte faoin staidéar le cómhaoiniú ón gCoimisiún Meabhair-Shláinte agus an Bord Taighde Sláinte.

Foilsíodh an staidéar "Sásta Cónaí Anseo... Suirbhé agus Measúnú ar Seirbhísí Meabhair-Shláinte na nÁras Cónaithe in Éirinn" leis an Dr. Donna Tedstone Doherty, an Dr. Dermot Walsh, an tUas. Rosalyn Moran agus an Bord Taighde Sláinte ar an 15 Feabhra 2007.

Rinne an staidéar cur síos agus measúnú ar cineál agus caighdeán na cóiríochta cónaithe pobail agus chomh fada agus

a chomhlíon sé riachtanais na gcónaitheoirí. Rinneadh plé ar fheidhmiú na n-áras cónaithe le tagairt d'oiriúnacht na n-áitreabh agus a ról oibríochtúil chun freastal ar na cónaitheoirí. Ba hiad na cónaitheoirí iad féin na príomhghníomhairí tuairiscithe maidir leis an dearcadh ar a saol agus chomh sásta agus a bhí siad leis an soláthar seirbhíse reatha. Rinneadh imscrúdú ar idirghníomhú na gcónaitheoirí lena gcomharsanacht agus lena dtimpeallacht freisin. Rinneadh fiosrú maidir lena gcuid 'saoránachta', cosúil le bheith cláraithe chun vótáil, rannpháirtíocht sna fóntais sóisialta agus úsáid na seirbhísí pobail. Chomh maith leis sin, rinneadh imscrúdú ar thuiscint na mball foirne ar chuspóirí agus feidhmeanna na n-áras cónaithe agus a ndearcadh i leith na fachtóirí a chur maireachtáil neamhspleách chun cinn nó a bhí ina bhac di.

Is iad na moltaí a d'eascair as na torthaí ná:

An bealach chun tosaigh d'athshlánú agus téarnamh

- Ba chóir foirne iomlána meabhair-shláinte speisialaithe san athshlánú agus téarnamh a bhunú sna seirbhísí ar fad mar bheart práinne.
- Ba chóir oiliúint a chur ar fáil sna hinniúlachtaí agus prionsabail téarnaimh do na baill ar fad san fhoireann speisialaithe athshlánaithe
- Ba chóir go gcuirfí measúnú iomlán ildisciplíneach ar na cónaitheoirí reatha agus féideartha ar fad.
- Ba chóir don fhoireann, lena ndearcadh agus lena gcleachtas, cónaitheoirí a threorú i dtreo a gcuid ionchais dá gcumas féin a ardú chun neamhspleáchas a bhaint amach.
- Ba chóir pleananna cúraim aonair a fhorbairt le cónaitheoirí agus ba chóir a gcuid ionchais a thógáil san áireamh agus athbhreithniú a dhéanamh orthu go rialta.
- Ba chóir go mbeadh córas príomhoibrithe i bhfeidhm sna réimsí ar fad.
- Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar chóir leighis cógaseolaíochta na gcónaitheoirí go rialta, go háirithe iad siúd atá ar níos mó ná réim cógas amháin.
- Ba chóir go mbeadh gníomhaíochtaí athshlánaithe curtha in oiriúint chun dul i ngleic le riachtanais an duine aonair.
- Ba chóir scrúdú agus forbairt a dhéanamh ar an bhféidearthacht gníomhaíochtaí athshlánaithe a aistriú chuig an bpobal agus leas a bhaint as gníomhaíochtaí reatha atá bunaithe sa phobal.
- Ba chóir cónaitheoirí a spreagadh agus na scileanna atá riachtanach a thabhairt dóibh chun aire a thabhairt dá gcúrsaí airgeadais féin.
- Ba chóir spreagadh a thabhairt do chónaitheoirí líonraí tacaíochta sóisialta a fhorbairt agus a leathnú.
- Ba chóir forbairt a dhéanamh ar fhostaíocht príomhshrutha ag baint úsáid as an samhail 'cur in áit agus oil' in éindí le tionscnaimh fostaíochta agus oiliúna eile leis na páirtithe leasmhara bainteacha agus measúnú a dhéanamh orthu.

An bealach chun tosaigh do chónaitheoirí reatha

- Ba chóir úsáid a bhaint as árais cónaithe do thacaíocht agus athshlánú amháin.
- Ba chóir oiliúint a chur ar fáil don fhoireann ar fad sna hinniúlachtaí atá riachtanach chun seirbhís atá dírithe ar athshlánú a sholáthar.
- Ba chóir d'árais cónaithe timpeallacht 'cosúil leis an mbaile' a chur ar fáil do chónaitheoirí.
- Ba chóir líon na n-áiteanna in árais cónaithe ardtacaíochta a laghdú go deich.

- Ba chóir measúnú a dhéanamh ar acmhainní altranais atá in úsáid in árais cónaithe pobail faoi láthair agus a chinntiú go bhfuil an meascán scileanna ceart ag an bhfoireann.

- Ba chóir pleananna measúnaithe agus athbhreithnithe a chur i bhfeidhm sna hárais cónaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcaighdeán, lena n-áirítear sásamh na gcónaitheoirí

- Ba chóir athbhreithniú agus caighdeánú a dhéanamh ar chuspóirí agus feidhmeanna na n-áras cónaithe pobail.

Soláthar tithíochta amach anseo

- Caithfear tithíocht dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí meabhair-shláinte orthu a chur ar fáil mar chuid de thithíocht príomhshrutha agus níl na seirbhísí meabhair-shláinte freagrach as.

- Ba chóir go mbeadh na húdaráis tithíochta áitiúla freagrach as tithíocht le tacaíocht íseal agus meánach a sholáthar.

- Tá raon de roghanna tithíochta eile ag teastáil chun dul i ngleic le gá agus riachtanais tacaíochta na ndaoine aonair a bhfuil riachtanais meabhair-shláinte difriúla orthu.

- Ba chóir grúpaí ilghníomhaireachta ina bhfuil údaráis tithíochta áitiúla agus soláthróirí seirbhíse meabhair-shláinte rannpháirteach, i measc gníomhaireachtaí eile, a bhunú mar bheart práinne chun scéimeanna comhpháirtíochta a phlé maidir le tithíocht agus cúram a sholáthar.

- Ba chóir scéimeanna píolótacha chun tithíocht a sholáthar a bhí éifeachtach a spreagadh agus ba chóir dóibh tacaíocht airgeadais a fháil.

- Ba chóir an tithíocht ar fad amach anseo a dhearadh le prionsabail athshlánaithe san áireamh iontu.

An plean forfheidhmithe

- Caithfear moltaí an staidéir a chur i bhfeidhm gan moill. Caithfear pleananna gnímh idir-rannach a cheapadh ag an leibhéal lárnach agus áitiúil agus caithfidh siad leasanna tithíochta agus meabhair-shláinte a léiriú.

- Déanfaidh an grúpa áitiúil dul chun cinn a thuairisciú don ghrúpa lárnach.

- Ba chóir grúpa forfheidhmithe idir-rannach a bhunú ag an leibhéal lárnach. Ba chóir don ghrúpa seo a bheith i gceannas maidir le hathruithe sna beartais idir-rannacha atá ag teastáil, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo forfheidhmithe agus dul i mbun teagmhála leis na comhlachtaí forfheidhmithe agus monatóireachta de chuid *Fís don Athrú*.

Tá an staidéar taighde ar fáil ó oifig an Choimisiúin Meabhair-Shláinte agus ar shuíomh idirlín an Choimisiúin Meabhair-Shláinte.

Cuireadh an staidéar taighde leis an Dr. Eamon O'Shea agus an Dr. Brendan Kennelly, OÉ Gaillimh ar "Eacnamaíocht an Chúraim Meabhair-Shláinte in Éirinn" i gcrích ag deireadh na bliana agus foilseofar in 2008 é.

Mar chuid d'aighneacht an Choimisiúin Meabhair-Shláinte chuig an athbhreithniú ar an Acht 2001 a chuir an tAire Sláinte i gcrích in 2007, de bhun Alt 75, an tAcht Meabhair-Shláinte 2001, thug an Coimisiún Meabhair-Shláinte faoi roinnt agallaimh leath-struchtúrtha agus grúpaí fócais. Rinneadh 17 agallamh san iomlán, 8 gcinn le síciatraithe sainchomhairleacha, 5 cinn le haltraí síciatracha agus 4 cinn le dílseánaigh cláraithe. Chomh maith leis sin, ghlac Riarthóir an Achta Meabhair-Shláinte i dhá ionad páirt sna hagallaimh le beirt stiúrthóirí cliniciúla, agus chuir síciatraí sainchomhairleach le hagallamh an stiúrthóra cliniciúil i gcás eile. Chuaigh an Coimisiún i mbun oibre le Líonra Tacaíochta na hÉireann chun grúpaí fócais a eagrú le húsáideoirí agus tacadóirí na seirbhíse. Ghlac dhá thacadóirí déag páirt i ngrúpa fócais, agus eagraíodh dhá ghrúpa fócais le húsáideoirí na seirbhíse. Ardaíodh roinnt cúrsaí a raibh buairt sainiúil ar leith ag baint leo, go leor acu mar gheall ar thréimhse socraithe na bhforálacha reachtúla nua.

SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE IONAD TAIGHDE

Bheartaigh Straitéis Taighde an Choimisiúin Meabhair-Shláinte go mbunófaí iona(i)d taighde meabhair-shláinte a chabhródh chun naisc fhoirmiúla a chruthú idir institiúidí acadúla agus soláthróirí seirbhíse meabhair-shláinte. Tá forbairt déanta ar an samhail seo i réimse eile den chúram sláinte in Éirinn agus go hidirnáisiúnta agus fuarthas amach go bhfeabhsaíonn sé seo ábharthacht na staidéar taighde do lucht déanta beartais, soláthróirí seirbhíse agus úsáideoirí na seirbhíse agus chun scileanna agus cumas taighde a fhorbairt laistigh de na seirbhísí.

Tar éis don choiste taighde athbhreithniú breise a dhéanamh ar an moladh seo, lena n-áirítear comhairliúchán le príomhpháirtithe leasmhara a bhí éascaithe ag Prospectus, d'aontaigh an coiste taighde ag an gcruinniú ar an 7 Iúil 2007 an togra a chur ar aghaidh chun ionad taighde uile-oileánda do sheirbhísí meabhair-shláinte a bhunú. Eagraíodh cruinniú san Iúr ar an 6 Feabhra 2007, leis an Ionad um Staidéir Trasteorann, Ard Mhacha, ina óstach air – 'Lá Staidéir um Sheirbhísí Meabhair-Shláinte Uile Oileánda: Cleachtas agus beartas comhtháite do sheirbhísí meabhair-shláinte ar bhonn Uile-oileánda'.

D'aithin an ceardlann roinnt feidhmeanna a chomhlíonfadh ionad taighde do sheirbhísí meabhair-shláinte. Ina measc bhí:

- comhoibriú a chothú i measc taighdeoirí sna seirbhísí sláinte
- taighde sna seirbhísí meabhair-shláinte a chur chun cinn
- cumas agus saineolas taighde na seirbhísí meabhair-shláinte a thógáil
- eolas a bhainistiú
- ceannasaíocht a chur chun cinn i dtaighde sna seirbhísí meabhair-shláinte
- béim a aistriú chuig réimsí "tuisceana"
- tionchar a imirt ar forbairt beartais
- bróicéireacht a dhéanamh agus tionchar a imirt idir na gníomhaireachtaí maoinithe éagsúla
- éifeachtúlacht an taighde sna seirbhísí meabhair-shláinte a shocrú
- ceisteanna/treochtaí amach anseo a aithint – clár oibre taighde réamhghníomhach

Bhí tacaíocht d'aon ghuth ann chun comhoibriú thuaidh/theas a neartú agus aitheantas ar na deiseanna a bhí ann chun a bheith ag obair le chéile ar sholáthar seirbhíse agus taighde.

Aontaíodh go n-eagrófaí cruinniú eile, leis an Ionad um Staidéir Trasteorann ina óstach air, ag díriú ar fhaisnéis maidir le seirbhísí reatha a roinnt agus beartais ó thuaidh agus ó theas. Bhí cruinniú ann in Ard Mhacha ar an 1 Nollaig 2007 leis an gComhairle Aireachta Thuaidh/Theas ina hóstach air. Rinne an cruinniú athbhreithniú ar mholtaí roimhe sin agus dul chun cinn maidir le Institiúid Uile-oileánda do mheabhair-shláinte a bhunú, agus rinneadh plé arís ar an Ionad Taighde Meabhair-Shláinte beartaithe. Ag an gcruinniú comhaontaíodh go ndéanfadh an tIonad um Staidéir Trasteorann an anailís chomparáideach ar Thuarascáil Bamford agus Fís don Athrú agus go ndéanfadh sé tuairisciú ar thaighde meabhair-shláinte atá curtha i gcrích go dtí seo ar bhonn uile-oileánda. Tiocfaidh an grúpa le chéile arís in 2008 chun an tuarascáil seo a mheas.

AN COISTE TAIGHDE

Tháinig an Coiste Taighde le chéile trí uaire in 2007. Thug an coiste, a dhéanann ionadaíocht ar úsáideoirí seirbhíse, soláthróirí seirbhíse, ionaid acadúla agus an tIonad um Staidéir Trasteorann treoir agus comhairle don Choimisiún Meabhair-Shláinte maidir le clár oibre taighde an Choimisiúin Meabhair-Shláinte lena n-áirítear na scoláireachtaí taighde agus an t-ionad seirbhísí taighde meabhair-shláinte. Rinne an Coiste Taighde nósanna imeachta leasaithe a fhaomhadh chun monatóireacht a dhéanamh ar scoláireachtaí taighde. Rinne an Coiste Taighde athbhreithniú ar staidéir taighde coimisiúnaithe ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte freisin.

FAISNÉIS MEABHAIR-SHLÁINTE

Leag tuarascálacha ón gCoimisiún Meabhair-Shláinte roimhe seo béim ar an tábhacht a bhaineann le rochtain tráthúil a fháil ar fhaisnéis chuimsitheach chruinn ar na gnéithe ar fad de sheirbhísí meabhair-shláinte in Éirinn. Tá faisnéis mar sin ríthábhachtach chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gclár oibre ardchaighdeáin sa chóras seirbhísí meabhair-shláinte. Tá faisnéis ar fáil maidir le seirbhísí meabhair-shláinte na n-othar cónaithe i dtuarascálacha atá foilsithe ag an mBord Taighde Sláinte agus, le déanaí, ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte. Ó cuireadh tús iomlán leis an Acht Meabhair-Shláinte 2001, tá sonraí cuimsitheacha ar fáil anois maidir le glacadh isteach ainneonach agus chuir próiseas clárúcháin na n-ionad formheasta le córais faisnéise meabhair-shláinte reatha. Seachas an córas faisnéise ordaithe a d'fhorbair an Coimisiún Meabhair-Shláinte i gcomhar le Cuid 2 den Acht Meabhair-Shláinte, tá córais bailiúcháin faisnéise meabhair-shláinte fós, den chuid is mó, bunaithe ar pháipéar.

Tar éis don tuarascáil a bhí coimisiúnaithe ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte a fhoilsiú "Ceacht ar Scóip na gCóras Faisnéise Meabhair-Shláinte Reatha in Éirinn agus in Áiteanna Eile leis an Aidhm Riachtanais a Mholadh do Chóras Faisnéise Meabhair-Shláinte Náisiúnta", bhí plé ann idir an Coimisiún Meabhair-Shláinte, an Bord Taighde Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Comhaontaíodh go ndéanfadh an Coimisiún Meabhair-Shláinte agus an Bord Taighde Sláinte tuarascáil a ullmhú ar sraith sonraí íosta meabhair-shláinte. Is é an cuspóir lárnach atá ag an sraith sonraí íosta meabhair-shláinte ná faisnéis riaracháin agus cliniciúil a shainmhíniú agus a chaighdeánú agus bailiú na sonraí seo a éascú. Foilsíodh an tuarascáil i mí Iúil 2007. Tá plé ag leanúint ar aghaidh leis na príomhpháirtithe leasmhara maidir le tuarascáil ghrúpa oibre comhpháirteach an Choimisiúin Meabhair-Shláinte/ab Bhoird Taighde Sláinte a chur i bhfeidhm.

Tosaíocht Straitéiseach Uimhir a Ceathair:

Tacú le daoine a bhfuil nó a raibh meabhair-ghalar orthu a chuimsiú agus a bheith rannpháirteach sa sochaí.

RÉAMHRÁ

AN LÁ DOMHANDA MEABHAIR-SHLÁINTE 10 DEIREADH FÓMHAIR

Is tionscadal domhanda oideachais meabhair-shláinte é an Lá Domhanda Meabhair-Shláinte, a eagraítear ar an 10 Deireadh Fómhair gach bliain, a bhíonn ar siúl i níos mó ná 180 tír. Gach bliain roghnaíonn an Cónaidhm Domhanda Meabhair-Shláinte téama. Is é an téama a bhí ann in 2007 ná "Meabhair-Shláinte i nDomhan atá ag Athrú: An Tionchar atá ag Cultúr agus Éagsúlacht". Arís, d'eagraigh an Coimisiún Meabhair-Shláinte seimineár poiblí iomlán a bhí ar siúl i Halla na Cathrach Bhaile Átha Cliath ar an 10 Deireadh Fómhair. Ba é an clár don léacht phoiblí 2007 ná:

Cainteoir: An tOllamh Paula McGee

Aonad Tacaíochta d'Fhiosrúcháin Acadúla, An Dámh Sláinte, Ollscoil Shasana Láir
"Tugaim an cóir leighis céanna do gach duine... An fáth go bhfuil cúram meabhair-shláinte atá cumasach ó thaobh cultúir de uainn"

Cainteoir: An tUas. Rotimi Adebari

Ard-Mhéara Phort Laoise – POF, Optimum Point Consulting
“Meabhair-Shláinte agus Éagsúlacht in Éirinn”

Cainteoir: An tUas. Krystian Fikert

PPD - An tIonad Síceolaíochta,
Poradnia Psychologiczna, Baile Átha Cliath
"Forbairtí sna Seirbhísí Síceolaíochta"

Cainteoir: Missie Collins

NA GARDAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE

Cheap an Coimisiún comhghrúpa oibre leis na Gardaí Síochána in 2005 *"chun athbhreithniú a dhéanamh ar shamhlacha maidir le húsáid na gcleachtas is fearr náisiúnta agus idirnáisiúnta reatha de chomhoibriú idir póilíní agus seirbhísí meabhair-shláinte agus chun moltaí a dhéanamh maidir le hidirchaidreamh agus córais comhoibrithe feabhsaithe idir An Garda Síochána agus na seirbhísí meabhair-shláinte in Éirinn. Déanfaidh an comhghrúpa oibre teorainneacha oibríochtúla a aithint, a chabhróidh chun coistí idirchaidrimh a bhunú, a chuirfidh socruithe comhoibrithe chun cinn agus a dhéanfaidh athbhreithniú orthu".* Eagraíodh trí chruinniú den ghrúpa oibre in 2007 agus tá sé beartaithe an tuarascáil a fhoilsiú in 2008.

FEASACHT MAIDIR LE MEABHAIR-SHLÁINTE

Bhí ionadaíocht ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte sa "Ghrúpa Feasachta Meabhair-Shláinte" a bhunaigh an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc. Rinneadh an feachtas feasachta a fhorbairt chun tuiscint maidir le meabhair-shláinte agus folláine in Éirinn a fheabhsú. Thosaigh an feachtas seo go déanach in 2007.

Rinne an Coimisiún Meabhair-Shláinte suirbhé a choimisiúnú ar dhearcadh an phobail i leith meabhair-ghalar. Cuireadh céim a haon i gcrích i mí Aibreáin/Bealtaine 2007 agus bhí sé le déanamh in athuair go luath in 2008.

RANNPHÁIRTÍOCHT ÚSÁIDEOIR NA SEIRBHÍSE SNA SEIRBHÍSÍ MEABHAIR-SHLÁINTE

Lean an Coimisiún Meabhair-Shláinte ar aghaidh ag tacú le rannpháirtíocht iomlán úsáideoirí na seirbhíse sna seirbhísí meabhair-shláinte in Éirinn. Chuir an Coimisiún Meabhair-Shláinte fáilte roimh Fheidhmeannacht Sealadach Úsáideoirí Seirbhíse Náisiúnta a bhunú i mí Dheireadh Fómhair 2007 agus bhí teagmháil leanúnach aige leis an eagraíocht ón uair ar bunaíodh é.

Tacaíonn an Coimisiún Meabhair-Shláinte le rannpháirtíocht ghníomhach na n-úsáideoirí seirbhíse agus na gcúramóirí sna céimeanna ar fad den phróiseas taighde mar a mholtar i Fís don Athrú. Bhí teagmháil leanúnach ag an gCoimisiún le SOURCE (Foinse Comhoibrithe agus Saineolais um Thaighde Úsáideoirí/Source of User Research Collaboration and Expertise), coiste um thaighde maidir le húsáideoirí seirbhíse a bunaíodh laistigh de sheirbhísí meabhair-shláinte Chluain Mhuire, Baile Átha Cliath. Labhair ionadaí ó SOURCE ag comhdháil an Choimisiúin Meabhair-Shláinte i mí na Samhna 2007.

I mí na Samhna 2007 rinne an Coimisiún Meabhair-Shláinte fógraíocht do Chigire Cúnta na Seirbhísí Meabhair-Shláinte (úsáideoir seirbhíse). Eagrófar agallaimh don phost seo in 2008.

Tosaíocht Straitéiseach Uimhir a Cúig:

Córais agus cumas na heagraíochta a choinneáil agus a fheabhsú le cinntiú go gcuireann an Coimisiún Meabhair-Shláinte seirbhís d'ardchaighdeán ar fáil

RANNÓG NA SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

CAITEACHAS

Ba é leithdháileadh neamhchaipitiúil an Choimisiúin Meabhair-Shláinte don bhliain 2007 ná g20.5m, méadú suntasach ón gcaiteachas de g6.25m in 2006. Bhí an méadú seo ag teastáil chun dul i ngleic leis na tionchair airgeadais réamh-mheasta a bhí leis an Acht Meabhair-Shláinte 2001 a chur i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áirítear bliain oibriúcháin iomlán na mBinsí Meabhair-Shláinte.

Is é an toradh sealadach don bhliain 2007 ná g17.38m. Bhí ar an gCoimisiún Meabhair-Shláinte deontas caipitil de g396k a aistriú ón ioncam chun spás oifige breise a fheistiú agus i gcomhair trealamh oifige cúntach. Bhí sé seo ag teastáil chun freastal ar fheidhmeanna leathnaithe a sanntar don Choimisiún Meabhair-Shláinte a bhaineann le cur i bhfeidhm iomlán an Achta Meabhair-Shláinte 2001.

Bhain na príomhréimsí caiteachais in 2007 le costais na mBinsí Meabhair-Shláinte, tuarastail foirne, táillí dlíthiúla, cíos agus forbairt agus tacaíocht theicniúil TF. Déanfar na cuntais don bhliain 2007 a sholáthar don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir Alt 47 den Acht Meabhair-Shláinte 2001. Tá ráitis airgeadais bliantúla iniúchta an Choimisiúin Meabhair-Shláinte ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin Meabhair-Shláinte.

AN COISTE INIÚCHTA

Tar éis an Coimisiún Meabhair-Shláinte reatha a cheapadh i mí Aibreáin 2007, chuaigh trí bhaill nua isteach ar an gCoiste Iniúchta. Rinneadh an Coiste Iniúchta a thionóil cúig uaire i rith na bliana chun dul i mbun a chuid gnó, lena n-áirítear teileachomhdháil amháin. I measc na gceisteanna a ndeachaigh an coiste iniúchta i ngleic leo i rith 2007 bhí an t-athbhreithniú iniúchta inmheánaigh ar rialúcháin airgeadais inmheánacha, téarmaí tagartha don choiste iniúchta, nósanna imeachta maidir le cuntais agus ceannach agus ráitis airgeadais bliantúla. Rinneadh measúnú riosca a mheas don Choiste Meabhair-Shláinte i rith na bliana freisin.

Rinne an Coiste Iniúchta tuarascáil a choimisiúnú ar an bpróiseas láimhe i gcomhair íocaíochtaí a dhéantar i leith na binsí meabhair-shláinte a bhí i bhfeidhm go dtí gur tugadh an córas éilimh ríomhairithe nua isteach i mí Aibreáin 2007. Rinneadh athbhreithniú ar mholtaí ón tuarascáil seo agus cuireadh isteach sa chóras éilimh táillí ríomhairithe nua iad.

SAORÁIL FAISNÉISE

Fuair an Coimisiún naoi n-iarratas san iomlán in 2007 faoi fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise (1997 agus 2003). Deonaíodh ceann acu go hiomlán, deonaíodh cuid de cheann eile, rinneadh trí iarratas a dhiúltú, aistríodh péire chuig gníomhaireacht eile, déileáladh le ceann amháin taobh amuigh de Shaoráil Faisnéise agus tá cás amháin fós ag dul ar aghaidh.

COSAINT SONRAÍ

Ní bhfuarthas iarratas ar bith ar fhaisnéis faoin reachtaíocht seo.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

Lean an Coimisiún Meabhair-Shláinte ar aghaidh ag déanamh forbartha ar a chórais FTC i gcomhréir le moltaí ó bhlianta roimhe seo. Tugadh córas slán chun éileamh a dhéanamh ar tháillí ar líne isteach i mbliana chun cabhrú leo siúd a chuireann seirbhísí ar fáil do chásanna na mbinsí meabhair-shláinte. Laghdaigh an córas an gá chun próiseáil a dhéanamh ar éileamh ar íocaíocht de láimh agus rinneadh roinnt gnéithe a ionchorprú sa chóras seo chun slándáil a fheabhsú agus an sreabhadh oibre go ginearálta a shruthlíniú.

Rinneadh feabhsúcháin bheaga ar na córais reatha le go mbeadh siad níos éasca le húsáid agus níos éifeachtaí de bharr athbhreithnithe leanúnacha ar na córais TFC, atá deartha chun gníomhaíochtaí na mbinsí meabhair-shláinte a éascú. Tugadh modh leictreonach slán chun sonraí a aistriú chuig baill de phainéil na mbinsí meabhair-shláinte isteach go rathúil sa dara chuid den bhliain 2007 agus leanfar ar aghaidh a rolladh amach in 2008.

Cuireadh tús le córas faisnéise comhtháite a sholáthar in 2007 a chabhróidh leis an bhFeidhmeannacht agus leis an Rannóg Caighdeán agus Cáilíochta araon agus iad i mbun gnó. Cabhróidh sé seo chun rochtain suas chun dáta a fháil ar sholáthar seirbhíse meabhair-shláinte go ginearálta laistigh den Choimisiún Meabhair-Shláinte.

Chuathas i ngleic leis an gá sonraí reatha agus nua a thiocfaidh faoi shainchúram an Choimisiúin Meabhair-Shláinte freisin agus bearta slándála méadaithe tugtha isteach ag gach leibhéil san eagraíocht. Cuireadh oiliúint foirne ar fáil chun cabhrú leis na próisis seo.

Cuireadh tástáil chuimsitheach maidir sonraí a fháil ar ais tar éis tubaiste i gcrích i rith na bliana le baill foirne ag obair go héifeachta ón suíomh cianda chun dul ar ais tar éis tubaiste.

SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

Rinne an Coimisiún Meabhair-Shláinte athbhreithniú agus nuashonrú ar a ráiteas Sláinte & Sábháilteachta mar léiriú go bhfuil an cineál oibre atá ar bun sa Choimisiún ag athrú. Tugadh tacaíocht don fhoireann freisin maidir le dul i mbun oiliúna ar cheisteanna sláinte & sábháilteachta lena n-áirítear oiliúint gharchabhrach ag an obair.

SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA GINEARÁLTA

Chomh maith leis na réimsí a luaitear go sonrach, i measc na réimsí gníomhaíochtaí eile a bhain le córais agus cumas na heagraíochta bhí earcaíocht agus oiliúint foirne, áiseanna a bhainistiú, soláthar thar raon seirbhísí, bainistíocht riosca, rialachas corparáideach agus inrochtaineacht a chomhlíonadh.